

Cuireadh na Ráitis Airgeadais seo a leanas faoi bhráid Bhord na hOllscoile ag an gcruinniú a bhí aige an 23 Márta 2016.

Réamhrá Míniúcháin Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

Cumhdaíonn an tsraith seo de Ráitis Airgeadais Cholaíste na Tríonóide na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite, Ráitis Mhaoiniúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA) agus an réiteach idir an dá ráiteas.

An chéad sraith ráiteas ná na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite a úsáideann Prionsabail Chuntasáíochta a nGlactar Leo go Ginearálta (GAAP) agus a chlúdaíonn gníomhaíochtaí na hOllscoile ar fad agus a chuid gnóthas fochuideachta sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus sa chlár comhardaithe agus a dtagann leis na ráitis a fhoilsíonn eintitis tráchtála. Tá sé de dhualgas ar gach Ollscoil cuntais a ullmhú ar an mbonn sin.

An dara sraith ráiteas ná na Ráitis Mhaoiniúcháin a ullmhaíodh ar bhonn prionsabal armónaithe de chuid earnáil Ollscoileanna na hÉireann agus HEA agus clúdaíonn siad gníomhaíochtaí teagaisc agus taighde na hOllscoile. Ullmhaítear na Ráitis Mhaoiniúcháin go haonfhoirmeach ar fud na hearnála.

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus na Ráitis Mhaoiniúcháin don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015 ar 23 Márta 2016.

Tá tuairim iniúchta cáilithe ó na hiniúcháirí a cheap an Bord, KPMG, ag gabháil le Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2015, a tháinig chun cinn ón neamhchomhlíonadh le riachtanais chuntasáíochta agus nochta an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 12 “Soláthair, Dliteanais & Sócmhainní Teagmhasacha”. Tá sócmhainn infhaighte pinsin san áireamh i gclár comhardaithe na hOllscoile maidir leis an Máistirscéim Pinsin, Scéim Pinsin Shamplach, Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair agus an Forlíonadh Pinsin chun aitheantas a thabhairt don mhaoiniú atá dlite ón Stát i ndáil le dliteanais phinsin a mhaoinítear anois ar bhonn “íoc mar a thuilltear”. Mar sin féin, is í tuairim KPMG nár ghlac an Stát le hoibleagáid fhoirmiúil maidir leis An Scéim Eiseamláireach Pinsin agus Forlíonadh Pinsin amhail an 30 Meán Fómhair 2015 agus tá na cuntais cáilithe acu ar an mbonn sin. Is cáilíocht theicniúil í an cháilíocht seo a thagann chun cinn mar gheall go bhfuil easpa fianaise leordhóthanaí ann chun go mbeadh KPMG sásta go raibh na dliteanais phinsin ráthaithe ag an Stát ag an am sin. Tá soláthar na fianaise sin lasmuigh de smacht na hOllscoile. Dá réir sin, tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach dtagann an cháilíocht seo chun cinn mar thoradh ar shaincheistanna a bhaineann le bainistiú airgeadais na hOllscoile.



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin

Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath **Ráitis Airgeadais**

(Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus Sliocht as na Ráitis Mhaoiniúcháin san áireamh)

Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

Maoiníodh gnéithe de chaiteachas Caipitil agus Athfhillteach a tuairiscíodh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite seo faoi cheann amháin nó níos mó de na cláir seo a leanas arna riar ag an HEA:



Mhaoinigh na gníomhaireachtaí seo a leanas gnéithe de chaiteachas Taighde a tuairiscíodh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite:



Clár

Leathanach

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais	3 – 5
Ráiteas Freagrachtaí	6
Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach	7 – 10
Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleáigh chuig Bord Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath ar na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite	11 – 12
Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite:	
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	13 – 15
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chomhdhlúite	16
Ráiteas Chomhdhlúite ar Chostais Bharrachais agus Easnaimh Stairiúla	17
Ráiteas Chomhdhlúite ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Iomlána Aitheanta	17
Cláir Chomhardaithe Chomhdhlúite agus Cláir Chomhardaithe na hOllscoile	18 – 19
Ráiteas Chomhdhlúite ar Shreabhadh Airgid	20
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite	21 – 42
Ráitis Mhaoiniúcháin:	
Ráiteas Freagrachtaí maidir leis na Ráitis Mhaoiniúcháin	44
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	45/-47
An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	48
An Clár Comhardaithe	49
Ráiteas Shreabhadh Airgid	50
Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin	51 – 61
Réiteach na Ráiteas Airgeadais Chomhdhlúite chuig Ráitis Mhaoiniúcháin an HEA	62 – 63

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais

Réamhrá

Cuirim Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath ("an Ollscoil") mar aon le Ráitis Mhaoiniúcháin an Údarais um Ard-Oideachas ("HEA") agus an réiteach idir an dá ráiteas san áireamh, arna gceadú ag an mBord an 23 Márta 2016, i láthair. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn, ina bhfuil caighdeán chuntasaíochta infheidhme arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite freisin de réir an Ráitis Chleachtais Mholta ("SORP") - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2007), arna eisiúint ag Bord HE/FE SORP sa RA, ar ghlac an Ollscoil leis go toilteanach. Sa chomhthéacs seo, rinne an Ollscoil athbhreithniú ar a chuid beartas cuntasaíochta agus rinne sé breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama chun léargas fíor agus cothrom ar ghnóthaí na hOllscoile ag 30 Meán Fómhair 2015 a chinntiú. Ullmhaíodh Ráitis Mhaoiniúcháin an HEA, a cheadaigh an Bord an 23 Márta 2016, ar an mbonn armónaithe a aontaíodh go stairiúil arna cheadú ag an HEA agus mar a ghlac gach ollscoil in Éirinn leis. Tuairiscíonn na Ráitis Mhaoiniúcháin ar an bpríomhtheagasc/príomhthaighde go príomha agus ar na deontais thaighde agus gníomhaíochtaí ó chonarthaí sa Chuntas loncaim agus Caiteachais.

Áirítear an Ollscoil agus a ghnóthais fhochuideachta, Ghala Limited, Fondúireacht Choláiste na Tríonóide, Ciste Dearlaice agus Oideachais Choláiste na Tríonóide, agus Comhlachas Choláiste na Tríonóide ar na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite. Tá míniú níos mionsonraithe tugtha ar bhunús an ullmhaithe sa Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar leathanaigh 13 go 15. Níl Ráitis Airgeadais na gCistí Pinsin ná na gComhlachtaí Caipitíochta curtha san áireamh ó tharla nach bhfuil siad faoi rialú díreach na hOllscoile.

Cáilíocht an Iniúchta

Cosúil leis an mbliain seo caite, ba mhaith liom d'aird a tharraingt ar an tuairim iniúchta cáilithe a d'eisigh KPMG, na hiniúcháirí a cheap an Bord, a tháinig chun cinn ón neamhchomhlíonadh le riachtanais chuntasaíochta agus nochta an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais

(FRS) 12 "Soláthair, Dlíteanais Teagmhasacha & Sócmhainní". Tá sócmhainn infhaighte pinsin san áireamh sa chlár comhardaithe maidir leis an Máistirscéim Pinsin, Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair, Scéim Pinsin Shamplach agus an Forlíonadh Pinsin (ag teacht le hollscoileanna eile in Éirinn) chun aitheantas a thabhairt don mhaoiniú atá dlite ón Stát i ndáil le gach dlíteanas pinsin a mhaoinítear anois ar bhonn "íoc mar a thuilltear". Mar sin féin, is í tuairim KPMG nár ghlac an Stát le hoibleagáid fhoirmiúil maidir leis An Scéim Eiseamláireach Pinsin agus Forlíonadh Pinsin amhail an 30 Meán Fómhair 2015 agus tá na cuntais cáilithe acu ar an mbonn sin.

Níor eisigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG) cáiliú maidir leis seo, mar go léiríonn aithint na sócmhainne i ndáil le maoiniú pinsin maidir leis An Scéim Eiseamláireach Pinsin agus an Forlíonadh Pinsin go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun freastal ar dhlíteanas pinsin de réir mar a bhíonn siad dlite. Tá bonn tuisceana sa chur chuige cuntasaíochta seo go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ollscoil i bhfeidhm ar dtús i dtreo costas reatha agus go bhfreastalóidh aon mhaoiniú ón Stát ar aon easnamh sócmhainní chun dlíteanas pinsin a mhaoiniú amach anseo.

Cuntas loncaim agus Caiteachais - Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Tá an staid airgeadais achomair leagtha amach i dTábla 1 thíos agus tá na príomhghluaiseachtaí idir easnamh €24.1m na Ráiteas Airgeadais Chomhdhlúite 2014/15 agus easnamh €21.8m na Ráiteas Airgeadais Chomhdhlúite 2013/14 leagtha amach thall.

Tábla 1 - Staid Airgeadais Achomair

	2015	2014	2013	2012	2011
	€m	€m	€m	€m	€m
Deontais Stáit	44.5	47.3	54.5	58.7	66.7
Táillí acadúla	128.9	124.2	116.1	113.8	111.9
Deontais taighde agus conarthaí	85.2	78.0	74.7	75.9	78.5
Ioncam eile	52.4	49.2	50.6	49.5	44.8
Ioncam dearlaice agus infheistíochta	10.2	15.8	9.3	11.0	10.1
Ioncam (gan amúchadh deontas san áireamh)	321.2	314.5	305.2	308.9	312.0
Costais foirne	230.7	225.7	221.8	220.9	219.6
Costais oibríochta eile	94.5	89.4	87.6	92.4	84.3
Costais oibríochta iomlán	325.2	315.1	309.4	313.3	303.9
(Easnamh)/barrachas oibríochta roimh chostais úis agus glan-dímheas	(4.0)	(0.6)	(4.2)	(4.4)	8.1
Lúide:					
Dímheas (glan ar amúchadh deontas)	16.0	17.0	14.1	12.0	13.0
Ús iníochta	4.1	4.2	4.2	4.8	4.1
Easnamh don bhliain	(24.1)	(21.8)	(22.5)	(21.2)	(9.0)

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais (ar lean..)

Chabhraigh meascán de mhic léinn a earcú, gníomhaíocht taighde a mhéadú agus ranníocaíocht shuntasach ó ghníomhaíochtaí cuimhdeacha chun ioncam comhdhlúite, lena n-áirítear amúchadh, de €321.2m a sheachadadh do 2014/15 (€2013/14: €314.5m) a léiríonn laghdú 2.1% ar an mbliain roimhe sin. Baineann an ghluaiseacht €6.7m go príomha le méaduithe €4.7m ar ioncam ó tháillí acadúla agus ioncam €7.2m ó thaighde. Déantar sin a fhritháireamh i bpáirt ag laghduithe €2.8m i ndeontas stáit agus leibhéal níos ísle gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta €4.8. Léiríonn feidhmíocht airgeadais don bhliain an tionchar a bhí ag an laghdú 2.2% sa bhliain féilire ar mhaoiniú athfhilleat an stáit in 2015 i gcomparáid le 2014 mar a chuir an HEA in iúl. B'ionann an t-ioncam oibríochta eile in 2014/15 agus €52.4m (2013/14: €49.2m) (féach nótaí 1 go dtí 6, 12 agus 19 de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Statements chun miondealú breise ar ioncam a fháil).

B'ionann an caiteachas comhdhlúite, lúide dímhéas agus ús iníochta, don bhliain agus €325.2m (2013/14: €315.1m). Baineann an ghluaiseacht €10.1m go príomha le méadú €5.0m ar chostais foirne agus tagann ranníocaíocht €1.3m ó chostais pinsin. Laistigh de chostais oibríochta eile tá méadú €2.0m ar chostais ríomhairí agus trealaimh eile agus tháinig méadú €1.2m ar dheisiúcháin agus cothabháil ghinearálta (féach nótaí 7 go 9 de na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite chun miondealú breise ar ioncam a fháil).

Ag teacht lenar bpleananna, tuairiscíonn na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite do 2014/15 easnamh oibríochta roimh chostais dhímhéasa agus úis de €4.0m a léiríonn infheistíocht thosaigh na hOllscoile maidir le straitéisí giniúna ioncaim cheadaithe. Léiríonn an t-easnamh pleanáilte iomlán de €24.1 soláthar na hOllscoile maidir le athnuachan infreastructúir i bhfoirm glan-mhuirear dímhéasa de €16.0m.

Gníomhaíochtaí Taighde

B'ionann leibhéal na ngníomhaíochtaí taighde do 2014/15 a taifeadadh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (tomhaiste ar bhonn na ngníomhaíochta caiteachais i rith na bliana agus ní an t-ioncam a fuarthas) agus €85.2m (2014/15: €78.0m). In ainneoin meath a bheith ann ar feadh méid áirithe blianta, tá méadú 9% tagtha ar ioncam taighde i mbliana agus tuairim is 14% de mhéadú ann le dhá bhliain anuas, rud a léiríonn go bhfuil ag éirí leis an Ollscoil maoiniú a fháil di féin, go háirithe ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus ón Aontas Eorpach. Bhí luach €105 milliún ar na conarthaí nua a síníodh sa bhliain, sin ardú thart ar 57% ar luach na bliana roimhe sin (2013/14: €67m). Ba é Coláiste na Tríonóide an institiúid Éireannach is mó ar éirigh léi faoi Chreatchlár 7 an AE agus tá sí tar éis tús rathúil a bheith aici in Horizon 2020, go mór agus deontais á bhfáil aici ón gComhairle Eorpach um Thaighde. In 2014/15 ba é briseadh síos an ioncaim taighde ná 65:35 (2013/14: 66:34). Tá an-iomaíocht i réimse an taighde i gcónaí agus é curtha roimh an gColáiste ioncam taighde a choinneáil ag tuairim is €85m as seo go trí bliana nó ceithre bliana. Braithfidh an méid sin, áfach, ar an rath céanna a bheith ar na Straitéisí Éagsúlaithe Taighde agus a bhí orthu go dtí seo (is ar mhaoiniú AE, Tionscail agus maoiniú a thagann as foinsí eile seachas an Stáitcheiste a dhíríonn na Straitéisí céanna sin). Dála blianta roimhe seo, in 2014/15, ba é an ráta costas indíreach a aisghabhadh de bharr caiteachas díreach ná 20%, rud atá i bhfad níos ísle ná ráta iomlán costas eacnamaíochta na hOllscoile, atá tuairim is 70%.

Soláthar

In 2015/15, ceadaíodh Straitéisí Soláthair, arb é is aidhm leis bainistiú a dhéanamh ar chaiteachas Neamh-Phá ar fud na hOllscoile agus feidhm straitéiseach a dhéanamh as an Soláthar an athuair. Is faoi thionchar athruithe móra ar bhonn náisiúnta, earnála agus Ollscoile atá an Straitéis Soláthair, rud a fhágann go bhfuil sé rithabhachtach

struchtúir nua soláthair a chur i bhfeidhm a dhéanoidh ar bhainistiú soláthróirí agus catagóirí. Is é a thoradh seo go mbeifear ábalta bealaí nua a fháil le foinsí costais, riosca agus luacha a aithint agus tacú le haidhm na hOllscoile inbhuanaitheacht airgeadais a choinneáil trí luach ar airgead a bhaint amach i gcaitheamh an ama.

Cistí Dearlaice Choláiste na Tríonóide

Is éard atá i gCistí Dearlaice Choláiste na Tríonóide, cistí buana a chuireann tacaíocht airgid ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí áirithe Ollscoile feasta, lena n-áirítear cathaoireacha, scoláireachtaí agus comhaltachtaí a bhronntar ar dhaoine, taighde, tionscadail chaipitil agus lear mór spriocanna eile acadúla. Is é an Bord a thugann údarás do Choiste Infheistíochta na hOllscoile chun polasaí infheistíochta a bhunú agus a chur i bhfeidhm, agus bainisteoirí infheistíochta a cheapadh le haghaidh shócmhainní na gCistí Dearlaice. Déanann an Coiste maoirsiú ar leithdháileadh sócmhainní agus ar straitéis infheistíochta na gCistí Dearlaice. Ba é luach na gCistí Dearlaice an 30 Meán Fómhair 2015 ná €168.7m, rud a léiríonn go bhfuil an-dul á dhéanamh agus go bhfuiltear níos gaire don luach a leagadh síos mar sprioc i bPlean Straitéiseach na hOllscoile. Foinse mhór ioncaim í oll-ranníocaíocht Chistí Dearlaice na hOllscoile, íocaíocht ar fiú €6.6m í. Fágann sí gur féidir leis an Ollscoil caighdeán agus sláine cláir acadúla agus tacaíochta a choinneáil.

An Clár Comhardaithe

Mar a tuairiscíodh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite b'ionann glansócmhainní an Ghrúpa agus €887.2m amhail an 30 Meán Fómhair 2015, laghdú €22.1m ar leibhéal 2013/14. B'ionann an caiteachas comhdhlúite don bhliain agus €17.4m (2013/14: €18.8m) €11.6m a cuireadh ar leataobh le haghaidh breiseanna Talún agus Foirgnimh. Baineann formhór na mbreiseanna sin le Scoil an Ghnó, ar caitheadh €4.7m uirthi; le forbairt Spórtlann Sheantraibh, €1.0m; agus le ceannach Institiúid Shláinte an Phobail (IPH) i dTamhlacht, €5.0m. €5.8m a cuireadh ar leataobh le haghaidh breiseanna Ríomhaire agus Trealamh (2013/14: €12.5m).

Tá iarmhéideanna airgid tirim €178.6m ag an nGrúpa amhail 30 Meán Fómhair 2015 (2014: €169.7m) agus saoráid iasachta €75.0 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, ar tarraingíodh anuas amhail an 30 Meán Fómhair 2015. Thiomsaigh an Ollscoil a chúnaíocht bhainc go léir ag deireadh na bliana.

Tar eis dheireadh na bliana, an 1 Deireadh Fómhair 2015, tarraingíodh anuas an dara iasacht EIB de €70.0m a mhaoineoidh tionscadail chaipitil amach anseo lena n-áirítear an Scoil Ghnó nua agus forbairt cóiríochta Theach Oisín.

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais: Ráiteas Maoiniúcháin an HEA**Tábla 2 - Ráitis Mhaoineacháin barrachas/(easnamh)**

	201	2014	201	201	2011
	5		3	2	
Ráitis	€1.7	(€2.0	€0.1	€0.1	€0.1m
Mhaoiniúcháin	m	m)	m	m	
barrachas/(easnamh)					
h) don bhliain					

Tá na príomhfhoinsí don ghluaiseacht idir easnamh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite agus barrachas sna Ráitis Mhaoiniúcháin ann mar thoradh ar cóireálacha cuntasíochta difriúla idir an dá fhormaid (e.g. cistí dearlaice, fochuideachtaí, gníomhaíochtaí cuimhdeacha, táillí mac léinn, amúchadh agus dímhéas ar nithe caipitíúla, ioncam ó thaighde, ioncam ó ús) agus tá nótaí míniúcháin leagtha amach ar leathanaigh 62 go 63.

Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais (ar lean..)

Léiríonn an barrachas €1.7m úsáid iarmhéideanna inmheánacha chun na heasnamh a tabhaíodh anuraidh a ghlanadh. I mbliana, tar éis dóibh gan iniúchadh a dhéanamh ar Ráitis Mhaoiniúcháin an HEA (atá cosúil le roinnt ollscoileanna eile san earnáil), d'aontaigh KPMG méid airgid a chur ar fáil sna Ráitis Mhaoiniúcháin a luíonn le háireamh na hOllscoile i dtreo is gur féidir seasamh leis na suimeanna airgid atá luaite sna Ráitis Mhaoiniúcháin. Féach tráchtair i dTuarascáil an Iniúcháir ar leathanach 11.

Conclúid

Is iomaí dúshlán atá roimh an Ollscoil i gcónaí agus an meath mór atá tagtha ar mhaoiniú an Stáit le haghaidh an Ardoideachais le blianta beaga. Níl an meath sin chomh mór céanna anois i bhfianaise an mhéadaithe bhig ar Leithdháileadh Deontas 2016. Ó 2008 amach, tá laghdú 50% tagtha ar an bpríomhdheontas atarlaithe. Maolaíodh an buille sin de bheagán de bharr méadú ar tháill ranníocaíochta na mac léinn agus rátaí pá laghdaithe, dhá rud a tharla mar thoradh ar chomhaontú Bhóthar Haddington agus Pháirc an Chrócaigh. Ar an gcaoi chéanna, fágann na rátaí ísle úis atá ann faoi láthair go bhfuil laghdú mór tagtha ar ioncam úis na hOllscoile le blianta beaga anuas. I bhfianaise a bhfuil de dhúshlán roimh Ollscoileanna na hÉireann ó thaobh maoiniú de, táimid ag tnúth le moltaí an tSainghrúpa ar Mhaoiniú an Ardoideachais sa Toghcháin. Tá an Grúpa sin le tuarascáil a dhéanamh ar mhaoiniú inbhuanaithe Ollscoileanna Éireannacha in 2016 agus táthar ag súil go n-aithneoidh siad an gá atá le tuilleadh infheistíochta in earnáil an Ardoideachais chun gur féidir spriocanna náisiúnta a bhaint amach.

Tá an Ollscoil dírithe ar phríomhbhealaí le hioncam a ghiniúint nach mbaineann leis an státchiste (oideachas ar líne, mic léinn idirnáisiúnta, tráchtálú, daonchairdeas, éagsúlú sa taighde agus rannpháirtíocht sa tionscal) chun sruthanna ioncaim éagsúla a chruthú agus a fhás don Ollscoil agus, trí sin a dhéanamh, ár n-inbhuanaitheacht airgeadais a fheabhsú. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh i dtaca leis na bunstraitéisí fáis seo, straitéisí a bhfuil infheistíochta déanta ag an Ollscoil iontu le roinnt bheag blianta, tar éis nach bhfuil siad ach ina dtús. Táthar ag tuar go mbeidh méadú mór in 2015/16 agus níos faide anonn ar ioncam de bharr na Straitéisí Caidreamh Domhanda agus Tráchtálaithe. Is gá súil ghéar a choinneáil ar an méid sin lena chinntiú go bhfaighidh an Ollscoil luach a cuid airgid ó thaobh na hinfheistíochta de.

Tábla 3 - Príomhthascáirí Feidhmíochta (KPI-anna)

KPI-anna an Phlean Straitéisigh	Spríoc 2019	2015	2014	2013	2012	2011
(Easnamh)/Barrachas Oibríochta % d'ioncam*	6%	-1.2%	-0.2%	-1.4%	-1.4%	2.6%
(Easnamh)/Barrachas Iomlán % d'ioncam*	2%	-7.5%	-6.9%	-7.4%	-6.9%	-2.9%
Cóimheas Ioncaim Stáitchiste/Neamh-Stáitchiste	40:60	43: 57	45: 55	48: 52	49: 51	54: 46
Cóimheas Pá/Neamh-pha**	65:35	71: 29	72: 28	72: 28	72: 28	73: 27
Glan Sócmhainní	€800m	€887m	€909m	€916m	€938m	€946m
Luach an Chúlchiste Dearlaice	€180m	€169m	€165m	€147m	€140m	€125m

*Gan amúchadh Deontas Caipitil san áireamh

**Gan costais dhímheasa agus úis san áireamh

Léiríonn na Príomhthascáirí Feidhmíochta i dTábla 3 an dul chun cinn atá á dhéanamh ag an Ollscoil i dtreo is gur féidir cobhsaíocht airgid a choinneáil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma in ainneoin luaineachta ar an taobh amuigh.

Sa timpeallacht dhúshlánach seo, ní foláir don Ollscoil leanúint uirthi ag bainistiú a cuid costas, go háirithe a cuid costas pá. Lena chois sin, ó tharla nach bhfuil an Stát ag tabhairt mórán de mhaoiniú chun críocha caipitil, aithníodh an Ollscoil an gá atá le hathnuachan infreastructúir ar fud an champais atá ann faoi láthair, agus an gá atá le forbairtí nua caipitil as a buiséad atarlaithe.

Faoi láthair, féachann an Ollscoil le buiséid chomhardaithe a bhaint amach agus leithdháileadh atarlaithe a cuid acmhainní á beartú aici. Mar sin féin, anois agus infheistíocht leanúnach i nginiúint ioncaim cheadaithe á cur san áireamh aici, mar aon le straitéisí laghdaithe costas agus athnuachan sócmhainní, is ag dul i laghad a bheidh easnamh na hOllscoile as go ceann 3-4 bliana, rud a mbeidh an Ollscoil ag tuairisciú air. Agus an fás suntasach atá tagtha ar ioncam ó fhoinsí eile seachas an Stáitchiste á chur san áireamh, is mó fós an dúshlán atá roimh an Ollscoil barrachas a bhaint amach in 2018/2019, toisc go bhfuil teorainn lena cumas costais phá a bhainistiú. Cé go ndéanann Grúpa Pleanála agus Coiste Airgeadais na hOllscoile athbhreithniú rialta ar thuairtha airgeadais chun a chinntiú go bhfuil clocha míle tábhachtacha á gcur i gcrích, b'olc an mhaise dúinn a bheith bogásach agus ní foláir dúinn dúshlán na gcostas atá ann faoi láthair a thabhairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíochtaí inár straitéisí fáis ioncaim chun a chinntiú gur barrachas a bheidh againn an athair.

Glan-sócmhainní €887 milliún atá ar chlár comhordaithe na hOllscoile, ag cur san áireamh cúlchistí ioncaim carnta diúltacha

I bhfianaise uailmhian agus scála Plean Straitéiseach na hOllscoile, 2014-2019, is gá díriú ar thionscadail mhóra thábhachtacha agus tús áite a thabhairt dóibhsean. Is gá ansin cur chuige comhtháite a ghlacadh ar láimh chun na príomhthionscadail a chur i gcrích, faoi mar a leagadh síos sa Plean. Teastóidh dianbhainistiú airgid, éagsúlú ioncaim agus uasmhéadú maoinithe chun ár gcuid spriocanna amach. Sna blianta amach romhainn, níl aon amhras ach gur iomaí dúshlán a bheidh le sárú ag an Ollscoil. Mar sin féin, maolóidh creatlach pleanála na hOllscoile le haghaidh oibríochtaí inbhuanaithe na rioscaí a bhaineann leis an méid sin. Beidh ar an Ollscoil a bheith in inn tacú le hinfheistíocht chaipitil agus infreastructúir, mar aon le haisíocaíochtí ciste. Aithnítear go bhfuil giniúint barrachas inbhuanaithe ríthábhachtach chun go mbeadh an tsolúbthacht ann a theastaíonn le hinfheistíocht a dhéanamh i dtionscadail nua acadúla. Is gá dul i mbun na dtionscadal seo chun uailmhian na hOllscoile bheith san iomaíocht go hidirnáisiúnta a shásamh.

IAN MATHEWS
PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS

Ráiteas Freagrachtaí

Éilítear ar Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath, ("an Ollscoil") cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus gach cuntas ceart agus gnáth a choimeád i bhfoirm a fhéadfaidh An tÚdarás um Ard-Oideachas a cheadú maidir le hairgead a fhaightear agus a chaitear. Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ceanglaítear mar a leanas ar an Ollscoil:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidmiú go comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- aon imeacht ábharthach ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a fhaisnéisiú agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Ollscoil lena gnó.

Tá an Ollscoil freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na hOllscoile agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Acht na nOllscoileanna, 1997 agus go n-ullmhaítear iad de réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn.

Tá an Ollscoil freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar gnó na hOllscoile ar shlí cheart agus rialta agus as na sócmhainní uile faoina rialú oibríochta agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

AN DR PATRICK
PRENDERGAST
PROPAST

IAN MATHEWS
PRÍOMHOIFIGEACH
AIRGEADAIS

Ráiteas ar Rialachas agus ar Rialú Inmheánach

Thar ceann Bhord Ollscoil Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, adhmaímid go bhfuil freagracht iomlán air as córais rialaithe inmheánaigh na hOllscoile; a chlúdaíonn gach rialú ábhartha lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta chomh maith le córais bhainistithe riosca a thacaíonn le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile agus maoinithe agus sócmhainní poiblí agus eile a bhfuilimid freagrach astu á gcosaint ag an am céanna.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh leagtha amach chun bainistiú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le go dteipfeadh orainn beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach nó gnóthaí a dhéanamh ar bhealach eagraithe agus dlisteanach seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis ach dearbhú éifeachtachta réasúnach a chur ar fáil agus ní dearbhú éifeachtachta iomlán.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar phróiseas leanúnach atá leagtha amach chun na príomhrioscaí a bhaineann le beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach a aithint; chun nádúr agus méid na rioscaí sin a mheas; agus chun iad a bhainistiú go héifeachtach, go héifeachtúil agus go heacnamaíoch. Bhí bainistiú riosca mar chuid lárnach de bhainistiú na hOllscoile i gcónaí. Ag teacht le sárchleachtas tá próiseas bainistithe riosca foirmiúil curtha i bhfeidhm ó 2006 agus leanfar ar aghaidh á athbhreithniú agus á mheas ar bhonn leanúnach.

Go sonrach:

- (i) Cinntíonn na nithe seo a leanas go mbeidh timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm san Ollscoil:
 - Déanann an Coiste Iniúchta, a fhaigheann tacaíocht ón bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh, athbhreithniú ar scóp agus ar éifeachtúlacht rialuithe inmheánacha na hOllscoile, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus tuairiscíonn sé go rialta chuig an mBord;
 - Tuairiscíú rialta chuig na Coistí Boird ábhartha agus chuig an mBord ar na gnéithe airgeadais agus dlí a bhaineann le mórthionscadail;
 - Áirítear ar théarmaí tagartha Phríomhchoistí an Bhoird maoirsiú a dhéanamh ar thionscnaimh mhóra laistigh dá réimse freagrachta agus faigheann an Bord miontuairiscí óna gcruinnithe;
 - Déanann an Bord, an Coiste Airgeadais agus Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin na hOllscoile athbhreithniú ar phróifíl riosca na dtionscnamh móra roimh agus i rith chur i bhfeidhm na mórthionscadal;
 - Feidhmíonn Déin Dáimhe agus Cinn Scoile, réimsí Riaracháin agus Seirbhíse agus iad ag comhlíonadh feidhmeanna, de réir beartas ar Róil agus ar Fhreagrachtaí maidir le cúrsaí airgeadais a cheadaíonn an Coiste Airgeadais agus an Bord;

- Cuireann Oifig an Chisteora Tuarascálacha Eisceachtaí Rialaithe le chéile agus déanann an Coiste Airgeadais breithniú orthu ar bhonn débhlantúil. Déantar gníomhartha a aithint chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a aithníodh;
- Déanann Grúpa Oifigeach Feidhmiúcháin agus Bord na hOllscoile breithniú ar Chlár Riosca Ardleibhéil na hOllscoile a tógadh as Réimsí Riaracháin agus Seirbhíse, Dáimhe agus Scoile ar bhonn rialta;
- Tugadh isteach beartas chun calaois airgeadais líomhnaithe a aimsiú agus chun freagairt di i Nollaig 2001; áirítear ar an mbeartas seo freisin soláthairtí maidir le calaois a thuairisciú do na húdaráis chúil;
- Tá lámhleabhair nósanna imeachta agus treoirilínte ar bhainistiú airgeadais, taighde agus acmhainní daonna ar fáil do bhainisteoirí.

- (ii) Baintear úsáid as na próisis seo a leanas chun rioscaí eagrúcháin a aithint agus chun na himpleachtaí airgeadais a bhaineann leo a mheas:

- Ghlac an Bord le Beartas Bainistithe Riosca i Meitheamh 2015. Tá an beartas seo á chur i bhfeidhm trí phróiseas bainistithe riosca foirmiúil a bhaineann le gach réimse den Ollscoil, ó réimsí acadúla go réimsí riaracháin, ó thaobh na rioscaí a mheas agus a bhainistiú lena n-áirítear impleachtaí airgeadais ar bhealach struchtúrtha;
- Cuirtear an Bord ar an eolas faoi Rioscaí Ardleibhéil na hOllscoile agus faoi na céimeanna atá á nglacadh chun iad a bhainistiú. Tá dul chun cinn cur i bhfeidhm an Bheartais Riosca agus lánpháirtíú iomlán na bainistíochta riosca isteach in oibríocht na hOllscoile á phróiseáil agus tá sé neadaithe i gcónaí i struchtúir bhainistíochta na hOllscoile;
- Áirítear ar gach togra mór a chuirtear faoi bhráid an Bhoird measúnú riosca foirmiúil, lena n-áirítear rioscaí airgeadais;

Comhaontaíodh tionscnamh earnálach a chuir an Ollscoil tús leis lena chinntiú go bhfaigheann an Bord tuairiscí rialta ar an bpróifíl riosca agus ar chomhlíonadh le Plean Straitéiseach na hOllscoile ó chomhlachtaí idir-institiúide a bhfuil an Ollscoil mar bhall dóibh. Chomh maith leis sin, cuireann stiúrthóirí na hOllscoile tuarascálacha ar fáil don Bhord gach sé mhí anois faoi na ceanteidil seo a leanas:

Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach (ar lean.)

- Ainm
- Institiúidí Rannpháirteacha
- Cuspóirí
- Mórghníomhaíochtaí Leanúnacha
- Pleananna Amach Anseo
- Diallas (más ann) ó bhunchuspóirí
- Nádúr agus tábhacht na rioscaí maidir le heintiteas agus tábhacht ó thaobh na hOllscoile de;

(iii) Mionsonraí faoi na mórchórais faisnéise atá i bhfeidhm, mar shampla buiséid, agus an modh chun comparáid a dhéanamh idir torthaí iarbhire agus buiséid i rith na bliana.

Bhunaigh an Ollscoil córas leithroinnte acmhainní agus buiséid agus d'fhorbair sí samhail pleanála airgeadais 5 bliana. Déanann sé próiseas buiséidaithe bliantúil agus ceadáíonn an Coiste Airgeadais agus an Bord na Meastacháin Bhliantúla. Déantar buiséid a athbhreithniú in aghaidh feidhmíochta iarbhire i rith na bliana. Eisítear tuarascálacha míosúla chuig sealbhóirí buiséid agus déanann an Coiste Airgeadais athbhreithniú ar na tuarascálacha airgeadais ar bhonn ráithiúil.

(iv) Leantar nósanna imeachta sárchleachtais chun aghaidh a thabhairt ar impleachtaí airgeadais mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear:

Tá próiseas údaraithe struchtúrtha ag an Ollscoil a mheaitseáil leis na teorainneacha airgeadaíochta a theastaíonn don údarás sínithe ar idirbhearta airgeadais, laistigh de chuntais shonracha chuig an ngrád cuí laistigh de gach réimse; tá freagracht foriomlán ag an gCeann Scoile/Feidhme as an údarás sínithe a tharmligean laistigh dá réimse féin. Faoi struchtúr airgeadais déabhlóidithe, tá an Déan Dáimhe cuntasach don Bhord tríd an gCoiste Airgeadais as gach cúrsa airgeadais a bhaineann lena D(h)ámh féin. Oibríonn an Rannóg Seirbhís Airgeadais i gcomhpháirtíocht leis an Ollscoil agus tugann sí comhairle di maidir le hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh agus maidir le ceanglais eile ar an Ollscoil;

Foilsíonn an Rannóg Seirbhís Airgeadais nósanna imeachta mionsonraithe maidir le hidirbhearta airgeadais a láimhseáil ar láithreán gréasáin na hOllscoile. Cuireann an Rannóg sin oiliúint ar fáil don fhoireann ar bhonn rialta freisin. Déantar beartais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is cuí;

- Tá gairmithe airgeadais ina gcomhaltaí de na Príomhchoistí seo a leanas:
 - An Coiste Iniúchta
 - An Coiste Airgeadais
 - An Coiste Acmhainní Daonna
 - Coiste Beartais na nEastát
 - An Coiste um Shaol na Mac Léinn

- Cuireann Comhpháirtithe Airgeadais Dáimhe comhairle agus tacaíocht dhíreach ar fáil don phobal Acadúil maidir le cúrsaí airgeadais.

(v) Déantar monatóireacht ar rialuithe inmheánacha trí na nithe seo a leanas:

- An t-athbhreithniú rialta a dhéanann Bainisteoirí na réimsí riaracháin agus tacaíochta, na Cinn Scoile agus na Déin Dáimhe ar rioscaí agus ráiteas dearbhaithe a chur ar fáil ar bhonn bliantúil;
- An t-athbhreithniú a dhéanann Príomhchoistí an Bhoird ar rioscaí agus an rialú a dhéantar orthu chomh maith le tuairiscí rialta ar shaincheisteanna ar chóir a aird a dhíriú orthu trí mhiontuairiscí na gCoistí seo agus trí thuairiscí ó Chathaoirleacha na gCoistí atá ina mbaill tofa ar an mBord seachas an Coiste Airgeadais a bhfuil sainmhíniú ar a bhallraíocht i Reachtanna na hOllscoile;
- An Coiste Iniúchta bunaithe ar thuarascálacha ón Iniúcháir Inmheánach ar stadás na rialuithe inmheánacha; déantar na tuarascálacha seo de réir chlár oibre a leag Coiste Iniúchta na hOllscoile síos agus déanann sé athbhreithnithe ar rialuithe ar fud feidhmeanna éagsúla na hOllscoile ar bhonn riosca. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta chuig an mBord ar bhonn bliantúil agus eisíonn sé ráiteas bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha;
- Clár d'athbhreithnithe ardchaighdeán seachtracha ar réimsí acadúla as a dtéann na torthaí isteach i gclár rioscaí na réimsí aonair.

Deimhnímid go ndearna an Ollscoil na nósanna imeachta thuas i rith na bliana.

I rith na bliana dar críoch 30 Meán Fómhair, tá os cionn 99% de chaiteachas iomlán na hOllscoile fós ag cloí go iomlán le treoirlínte soláthair náisiúnta agus AE. Leanann an Ollscoil ar aghaidh ag obair i dtreo comhlíonadh iomlán leis na treoirlínte ábhartha go léir.

I gcásanna inar aithin iniúchadh inmheánach mainneachtana sa rialú inmheánach, táthar ag glacadh le feabhsúcháin agus á gcur i bhfeidhm. Níor aithníodh aon laigeachtaí sa rialú inmheánach a raibh cailiteanais ábhair, teagmhais nó neamhchinnteachtaí mar thoradh orthu agus a theastódh iad a nochtaidh sna ráitis airgeadais nó i dtuarascáil an iniúcháir ar na ráitis airgeadais.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar bheartas riosca agus bainistiú riosca sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015, is rud é an córas nua bainistithe riosca atá fós idir lámha. Tá Céim 1 de Chlár Riosca Ardleibhéil na hOllscoile ina leagtar amach na rioscaí ardleibhéil tugtha chun críche agus tá tús curtha le Céim 2, an Clár Riosca ag leibhéal oibríochta maidir le gach réimse den Ollscoil.

Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach (ar lean..)

De réir alt 2.11 dár gCód Rialachais a chloíonn go hiomlán leis an gcód a d'eisigh an HEA, is mian linn an méid seo a leanas a chur in iúl:

- i) **Ceanglais Reachtúla:** Aithníonn Bord na hOllscoile go bhfuil sé freagrach as comhlíonadh gach ceanglas reachtúil atá infheidhme leis an Ollscoil mar atá leagtha amach in Acht na nOllscoileanna agus i reachtaíocht ábhartha eile.
- ii) **Cód Rialachais agus Cóid Iompair:** Ag cruinniú an 19 Meitheamh 2013, ghlac an Bord le Cód Rialachais Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath maidir le Rialachas na hOllscoile, agus le cóid iompair do chomhaltaí Boird agus do bhaill foirne na hOllscoile.
- iii) **Forbairtí lena mBaineann Suntas Airgeadais:** Féach Tuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais ar leathanaigh 3 agus 5 le haghaidh mionsonraí faoi fhorbairtí lena mbaineann suntas airgeadais. Tá an Ollscoil fós thar a bheith díograiseach agus forghníomhach sa tslí ina mbainistíonn sé a chuid airgid mar gheall ar bhearta a dhéanann an Board chomh maith leis an tsolúbthacht agus an dea-thoil a léiríonn na mic léinn agus na baill foirne i gcónaí. Maidir le Ráitis Airgeadais an HEA, thaifead an Ollscoil barrachas €1.7m amhail an 30 Meán Fómhair 2015, (2014: easnamh €2.0m). Mar a cuireadh in iúl don HEA roimhe seo, tá croímhaoiniú na hOllscoile ón Stát ag laghdú i gcónaí agus tá srianta airgeadais uirthi de bharr easpa bhunmhaoinithe agus maoiniú ilbhliantúil, rud a tábhachtacha chun bunús a chur ar fáil do phleanáil airgeadais straitéiseach éifeachtach. I gcomhthéacs na timpeallachta airgeadais reatha, tá an Bord tiomanta do straitéis airgeadais d'obriú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil; cruthú ioncaim Státhiste agus neamh-Státhiste a chur chun cinn, tosaíocht a thabhairt do bhainistiú costais, do thionscnaimh fála agus éifeachtúlachta agus d'infheistíocht a dhéanamh don todhchaí nuair is iomchuí. Déantar measúnú leanúnach ar rioscaí airgeadais de réir bheartas riosca foriomlán na hOllscoile.
- iv) **Beartas an Rialtais maidir le Pá:** Dearbhaíonn an Ollscoil go bhfuil sí ag comhlíonadh an Bheartais Phá Phoiblí agus na gcreat ábhartha faoi Acht na nOllscoileanna 1997.
- v) **Tuairisciú Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach, Fáil agus Diúscairt Sócmhainní:** Maidir le tuairisciú airgeadais agus nithe gaolmhara, dearbhaítear an méid seo a leanas:
 - a. Tá na nósanna imeachta iomchuí go léir i bhfeidhm chun ráitis airgeadais bhliantúla a thairgeadh.
 - b. Tá Coiste Iniúchta ag a bhfuil Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach seachtach, i bhfeidhm ó mhí na Nollag 1998 agus tuairiscíonn siad go rialta chuig an mBord. Tacaíonn feidhm iniúchta inmheánach le hobair an Choiste.
 - c. Tá nósanna imeachta fála i bhfeidhm, cuirtear in iúl do bhaill foirne na hOllscoile iad agus déanann Bainisteoir Fála agus Conarthaí na hOllscoile monatóireacht orthu.
 - d. Nósanna imeachta seanbhunaithe na hOllscoile a rialaíonn diúscairt sócmhainní. A mhéid is fearr is eol dúinn agus a chreidimid tá an Ollscoil ag cloí leo go hiomlán.
- vi) **Treoirínte chun Tionscadail Chaipitil a Mheas agus a Bhainistiú:** Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag an Ollscoil chun comhlíonadh na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Oideachais in 2005 a éascú, maidir le Tionscadail Chaipitil a mheas agus a bhainistiú.
- vii) **Beartas Taistil:** Tá beartas taistil agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag an Ollscoil. Tá an beartas agus na nósanna imeachta ar fáil do gach ball foirne ar láithreán gréasáin na hOllscoile. Tá forbairt déanta ar an mbeartas agus ar na nósanna imeachta ag féachaint do riachtanais na Roinne Airgeadais maidir le ciorcláin taistil, agus do riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil le costais na bhfostaithe. Tuairiscítear aon eisceachtaí chuig an gCoiste Airgeadais ar bhonn rialta agus déantar gníomh cuí.
- viii) **Luach ar Airgead:** Lean an Ollscoil na treoirínte ar luach ar airgead a bhaint amach i gCaiteachas Poiblí mar atá leagtha amach san óráid a thug an tAire Airgeadais an 20 Deireadh Fómhair 2005.
- ix) **Dlíthe Cánach a Chomhlíonadh:** Tá an Ollscoil tiomanta dlíthe cánachais a chomhlíonadh. Déantar saincheistean ar bith a aithnítear i rith na bliana a fhiosrú agus a réiteach. Tá an Ollscoil lán-tiomanta a chinntiú go n-íoctar dlíteanais chánach ar na dátaí a mbíonn siad dlite.
- x) **Cosaint Leanaí:** Cheadaigh an Bord Beartas Leanaí ag cruinniú an 29 Feabhra 2012. Aontaíodh ó shin go ndéanfar riachtanais na hOllscoile le haghaidh Oiliúint i gCosaint Leanaí a chur amach ar conradh ó Mheán Fómhair 2015 amach.
- xi) **Táillí agus Costais an Údaráis Rialachais:** Ní íoctar aon táillí le comhaltaí an Údaráis Rialachais. Níl aon éileamh i láthair na huaire ar chostais curtha isteach ag aon bhall Boird don tréimhse 2014-15. Sa chás go mbeidh éileamh ann, foilseofar fócaíocht na gcostas sa Tuarascáil Bhliantúil seo againn. Luach Saothair an Phropaist: Íocadh tuarastal €186,693 leis an bPropast sa tréimhse an 1 Deireadh Fómhair 2014 go 30 Meán Fómhair 2015. Tá d'oibleagáid ar an bPropast cónaí i dTeach an Phropaist. Dá bharr sin, ba é iomlán an tsochair comhchineála a íocadh i ndáil le costais tí ná €5,160, a mbaineann €2,760 de leis an mbliain reatha.
- xii) **Fochuideachtaí:** Is féidir linn a dhearbhu go bhfuil Cód Rialachais i bhfeidhm i ndáil le fochuideachtaí trádála agus go gcuirtear ráitis bhliantúla ar aghaidh chuig an mBord lena mbreithniú.

Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach (ar lean.)

xiii) Tuairisciú de Mheon Macánta - An tAcht um Fhaisnéisiú Cosanta 2014

Tá Beartas Faisnéisiú Cosanta le haghaidh na hOllscoile á thabhairt chuig an Údarás Rialachais an 23 Márta 2016 chun a cheadaithe. Agus é cheadaithe cuirfear an fhoireann ar fad ar an eolas faoi agus cuirfear i bhfeidhm é láithreach bonn.

xiv) Cruinnithe den Údarás Rialachais – Leagtar amach thíos deimhniú ar líon na gCruinnithe den Údarás Rialachais a bhí ann le linn 2014/15 agus taifid ar na baill a d'fhreastail orthu.

12 chruinniú a bhí ann san iomlán i rith na bliana.

Comhaltaí Ex-Officio:

An Propast (An Dr Patrick Prendergast) (11), an Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil (An tOllamh Linda Hogan) (12), Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéimithe (An tOllamh Gillian Martin) (12), Clárathóir (An tOllamh Shane Allwright) (12), Sparánaí (An tOllamh Gerard Lacey) (12).

Comhaltaí tofa:

An tOllamh Sean Barrett (11), An tUasal Frederick Cowzer (11), An tOllamh Peter Coxon (10), An tOllamh William Dowling (11), An tOllamh Sylvia Draper (10), An tOllamh Eileen Drew (10), Sheila Dunphy, Uasal (10), An tUasal Dermot Frost (12), An tUasal Gerrard Garrahan (11), An tOllamh Brian Lucey (8), An tOllamh Catherine McCabe (12), An tOllamh John McGilp (12), An tOllamh Cliona O'Farrelly (10), An tOllamh Desmond O'Neill (8), An tOllamh Micheal O' Siochru (10), An tOllamh Diarmuid Rossa Phelan (11), An tOllamh Aidan Seery (9).

Comhaltaí seachtracha:

An Dr Olive Braiden (9), An tUas. Jackie Gallagher (9).

Comhaltaí mac léinn:

An tUasal Domhnall McGlacken Byrne (9), an tUasal Ian Mooney (11), Katie Byrne Uasal (9), Megan Lee Uasal (9).

xv) Cruinnithe den Choiste Iniúchta:

Leagtar amach thíos deimhniú ar líon na gCruinnithe den Choiste Iniúchta a bhí ann le linn 2014/15 agus taifid ar na baill a d'fhreastail orthu.

Cruinnithe 2014/15

- Déardaoín an 13 Samhain
- Déardaoín an 11 Nollaig
- Déardaoín an 12 Feabhra
- Dé Máirt an 14 Feabhra
- Déardaoín an 18 Feabhra

Tinreamh na mBall

Julie O'Neill (Cathaoirleach) (5/5)

An tOllamh J Barry (3/5)

An tOllamh R Byrne (4/5)

Oliver Cussen (4/4)

Ann Duffy (5/5)

John McGilp (55)

Tabhair ar Aird: D'fhreastail Oliver Cussen ar a chéad cruinniú an 11 Nollaig 2014.

xvi) Athbhreithniú ar fheidhmíocht an Údarais Rialachais

Tugadh próiseas féin-mheastóireachta an Údarais Rialachais i gcríoch i mBealtaine 2015.

Thar ceann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

AN DR PATRICK PRENDERGAST
PROPOST

IAN MATHEWS
PRÍOMHOIFIGEACH
AIRGEADAIS

Tuarascáil an Iníúcháir Neamhspleáigh chuig Bord Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis chomhdhlúite agus ar ráitis airgeadais Ollscoile ("ráitis airgeadais") Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Bhaile Átha Cliath ("an Ollscoil") don bhliain an 30 Meán Fómhair 2015 ar leathanach 13 go 42 atá comhdhéanta de ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus cuntas ioncaim, ráiteas comhdhlúite ar chostais stairiúla barrachais agus easnaimh, ráiteas chomhdhlúite ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána, clár comhardaithe chomhdhlúite na hOllscoile, ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, agus na nótaí gaolmhara. Is í an chreatlach tuairiscíochta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus caighdeán chuntasaíochta, arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis in Éirinn).

Bunús le tuairim cháilithe ar ráitis airgeadais

Mar a mhínítear níos iomláine i Nóta 31 leis na ráitis airgeadais, aithníodh sócmhainn a léiríonn infháltas ón Stát, arbh ionann í agus luach oibleagáid pinsin na gOllscoile maidir lena scéimeanna sochair shainithe, i ráitis airgeadais na hOllscoile (agus aithníodh méid comhionann sna cúlchistí ioncaim) ar an mbonn go mbreithneoidh an Bord go raibh dliteanais phinsin na hOllscoile ráthaithe ag an Stát. Chomh maith leis sin, taifeadadh gnóthachain nó caillteanais a mheaitseálann gluaiseachtaí sna dliteanais phinsin seo i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais agus sa ráiteas gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlán don bhliain.

Is é ár dtuairim, cé gur thug achtú an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 i Meitheamh 2009 agus an t-Ordú Aistrithe a bhí mar thoradh air dar dháta 31 Nollaig 2009, Achtú an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, ar an Stát freagracht a ghlacadh as aon easnamh sa mhaoiniú a thiocfaidh chun cinn sa Mháistirscéim Pinsin arna feidhmiú ag an Ollscoil agus i Scéim Aonair um Phinsean na Seirbhíse Poiblí, níor chlúdaigh reachtaíocht den sórt sin scéimeanna pinsin shochair shainithe Eiseamláireach agus Forlíonadh arna bhfeidhmiú ag an Ollscoil. In éagmais glactha foirmiúil ón Stát maidir leis an oibleagáid chun easnaimh i scéimeanna pinsin shochair sainmhínithe eile na hOllscoile a mhaoiniú (Scéim Shamplach agus Forlíonadh Pinsin), níl sé oiriúnach an pinsean infhaighte a bhaineann le heasnaimh na scéimeanna sin a aithint ar chlár comhardaithe na hOllscoile amhail 30 Meán Fómhair 2015 agus 30 Meán Fómhair 2014.

Is é ár dtuairim nach bhfuil an chóireáil a glacadh ag teacht le riachtanais an FRS 12 "Soláthair, Dliteanais & Sócmhainní Teagmhasacha" mar gheall go bhfanann an t-infháltas a bhaineann leis na scéimeanna pinsin shochair shainithe Eiseamláireach agus Forlíonadh

teagmhasach ó thaobh nádúr de go dtí go nglacann an Stát leis an oibleagáid go foirmiúil.

Dá réir sin, (i) ní mór laghdú €459,406,000 a dhéanamh ar an tsócmhainn pinsin infhaighte, na glan-sócmhainní agus cúlchistí ioncaim ar an gclár comhardaithe Comhdhlúite agus ar chlár comhardaithe na hOllscoile don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 (ii) ba chóir easnamh €57,330,000 tar éis cánach a athlua leis an toradh don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2015 agus (iii) ba chóir na caillteanais aitheanta iomlán sa ráiteas gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlán don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2015 a athlua ag €4,269,000.

Chomh maith leis sin, i ndáil leis an mbliain roimhe, (i) ba chóir an tsócmhainn pinsin infhaighte, glan-sócmhainní agus cúlchiste ioncaim ar an gclár comhardaithe Comhdhlúite agus an chlár comhardaithe na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2014 a laghdú €476,576,000 (ii) ba chóir an toradh tar éis cánachais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2014 a athlua ag easnamh €54,935,000 agus (iii) ba chóir na caillteanais aitheanta iomlán sa ráiteas gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlán don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2014 a athlua ag €78,879,000.

Tuairim agus conclúidí a eascraíonn ónár n-iníúchadh**1. Tuairim cháilithe atá againn ar na ráitis airgeadais:**

Inár dtuairim, cé is moite den tionchar airgeadais a bhaineann leis an infháltas ón Stát a ndéantar tagairt dó sna hailt ar thuairim cháilithe, tugann na ráitis airgeadais ar leathanach 13 go 42:

- léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na hOllscoile, faoi mar atá siad ar an 30 September 2015, agus ar easnamh an Ghrúpa faoi dheireadh na bliana céanna sin; agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leo go Ginearálta in Éirinn.

2. Leagtar síos thíos ár gcuid conclúidí ar cheisteanna eile, ceisteanna a bhfuil sé de dhualgas orainn tuairisciú orthu de réir théarmaí ár bhfostaíochta.

Maidir le Ráitis Mhaoiniúcháin an HEA ar leathanach 43 go 61, a ullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach ar leathanach 45 go 47, is é ár dtuairim gur baineadh i gceart as leabhair agus taifid na hOllscoile iad.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár n-iníúchta.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta na hOllscoile leordhóthanach chun cead a thabhairt na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuarascáil an Iníuchóra Neamhspleáigh chuig Bord Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath - ar lean

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil an Phríomhoifigigh Airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais.

3. Níl aon rud le tuairisciú againn i leith nithe a bhfuil dualgas orainn tuairisciú orthu trí eisceacht.

Éilíonn ISA-anna (An Ríochta Aontaithe & Éire) go dtuairiscimid duit má tharlaíonn, de réir an eolais a fuaireamar le linn ár n-iniúchta, go dtagaimid ar fhaisnéis sa tuarascáil bhliantúil ina bhfuil ábhar a thagann salach ar an eolas úd nó ar na ráitis airgeadais, nó ina bhfuil ráiteas neamhchruinn, nó atá míthreorach ar aon bhealach eile.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais d'Ollscoileanna na hÉireann, tá dualgas orainn tuairisciú duit mura bhfuil an ráiteas maidir le rialachas agus córas an smachtaithe airgeadais inmheánaigh, faoi mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas Rialachais agus Smachtú Inmheánach ar leathanach 7 go 10, ag teacht leis an bhfaisnéis a bhfuilimidne ar an eolas faoi de bharr ár gcuid obair iniúchta ar na ráitis airgeadais, agus tuairiscimid duit mura bhfuil.

Bunús ár dtuairisce, ár bhfreagrachtaí agus ár gcuid srianta ar úsáid

Faoi mar a míníodh níos iomláine sa Ráiteas Freagrachtaí atá leagtha amach ar leathanach 6, tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus ní foláir dó a bheith sásta go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom. Is é an Bord atá freagrach as ullmhú Ráitis Mhaoiniúcháin an HEA freisin, de réir an chomhaontaithe is déanaí maidir le hArmónú Cuntas.

Is í an fhreagracht atá orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir dlí na hÉireann agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí le Caighdeáin Eiticíúla d'Iniúcháirí de chuid na Comhairle Tuairiscithe Airgeadais.

I rith iniúchta arna déanamh de réir ISA-anna (An Ríocht Aontaithe agus Éire) ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nothaí sna ráitis mhaoiniúcháin atá leordhóthanach chun a dheimhniú go réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear leis sin measúnú: ar cibé an bhfuil na beartaí chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na hOllscoile, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad; réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinne an Bord; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais chun neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha maidir leis na ráitis airgeadais a aithint agus chun faisnéis atá mícheart ó thaobh ábhair de a aithint bunaithe ar, nó atá ag teacht salach ar, an eolas arna fháil againne le linn an iniúchta seo. Breithneoidimid na himpleachtaí má thugaimid faoi deara aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha do mo thuarascáil.

Cé go bhfuil iniúchadh arna dhéanamh de réir ISA-anna (An Ríocht Aontaithe agus Éire) deartha chun dearbhú réasúnach a chur ar fáil chun míráitis nó easnaimh ábhartha a aithint, níl aon ráthaíocht ann go dtarlódh sé sin. Déanann an t-iniúcháir an t-iniúchadh a phleanáil chun an méid tástála a bheidh ag teastáil chun an dóchúlacht a laghdú chuig leibhéal íseal oiriúnach nach sáróidh comhiomlán na míráiteas neamhcheartaithe agus neamh-inbhraite ábharthacht na ráiteas airgeadais ina iomláine. Ceanglaíonn an tástáil orainn obair shuntasach iniúchta a dhéanamh ar raon leathan sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus costais chomh maith le roinnt mhaith ama na gcomhaltaí is oilte den fhoireann iniúchta, go háirithe an páirtí teagmhála atá freagrach as an iniúchadh, a chaitheamh ar réimsí suibíachtúla cuntasaíochta agus tuairiscithe.

Rinneadh an tuarascáil seo don Bhord, mar chomhlacht, agus dó sin amháin de réir reachta na hOllscoile. Tugadh faoinár obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua leis an mBord na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua leis i dtuarascáil na n-iniúcháirí agus chun na críche sin amháin. Chomh fada is a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht i leith aon duine eile ach amháin an Ollscoil agus an Bord, as an obair iniúchta, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí a chruthaíomar.

Sean O'Keefe 23 Márta 2016
Do KPMG agus thar a cheann
KPMG
Gnólaacht Chúntóirí Cairte agus Iniúchta Reachtúla
1 Plás an Stócaigh
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóichta

Is iad seo a leanas na beartais chuntasafóichta suntasacha a ghlac Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath leo (dá dtagraítear as seo síos mar “an Ollscoil”):

Bunús an ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chleachtais Chuntasafóichta a nGlactar go Ginearálta leo in Éirinn, ina bhfuil caighdeán chuntasafóichta infheidhme arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais freisin de réir an Ráitis Chleachtais Mholta (“SORP”) - Cuntasafóicht d’Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2007), arna eisiúint ag Bord HE/FE SORP sa RA, ar ghlac an Ollscoil leis go toilteanach.

Coinbhinsiún Cuntasafóichta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mhionathrú ag athluacháil talún agus foirgneamh áirithe agus sócmhainní dearlaice a dtuairiscítear ag a luach cóir.

Bunús comhdhlúite

Áirítear ar ráitis airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa an Ollscoil agus a ghníomhaíochtaí foghnóthais (mar a shainmhínítear iad ag an SORP) Ghala Limited, Fondúireacht Choláiste na Tríonóide agus Ciste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide, Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, agus Cumann Choláiste na Tríonóide. Déantar cuntas do Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide laistigh de ráitis airgeadais ar leithligh na hOllscoile de réir an SORP. Ní dhearnadh gnóthais eile a bhfuil suim ag an Ollscoil iontu, mar atá léirithe i Nóta 30, a chomhdhlúthú de bhonn neamhábharthachta nó nach bhfuil siad faoi rialú na hOllscoile. Faightear réidh le hioncam agus le caiteachas ion-Ghrúpa go hiomlán arna gcomhdhlúthú.

De réir FRS 2 (“Cuntasafóicht do Ghnóthais Fhochuideachta”), ní dhearnadh ráitis airgeadais Fhondúireacht na Tríonóide, na gCistí Pinsin agus na gComhlachtaí Caipitíochta a chomhdhlúthú ó tharla nach bhfuil siad faoi rialú na hOllscoile.

Aitheantas Ioncaim

Aithnítear deontais atarlaithe ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déileáiltear le deontais neamhatarlaithe ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i ndáil le fáil nó le tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus amúchtar iad ag teacht le dímheas thar shaol na sócmhainní.

Tá ioncam ó dheontais thaighde, ó chonarthaí agus ó sheirbhísí soláthraithe eile san áireamh go dtí deireadh an chonartha nó na seirbhíse atá i gceist. Is ionann sin go ginearálta agus suim den chaiteachas cuí a tabhaíodh le linn na bliana agus aon ranníoca i dtreo forchostas.

Caitear le hioncam ó chomhaontaithe lámhaltais mar ioncam tarchurtha agus cuirtear chun sochar an chuntais ioncaim agus caiteachais é de réir an ceart chun comaoine a thuilltear de réir na dtéarmaí conarthacha.

Cuirtear ioncam ó dhearlaicí chun sochar an chuntais ioncaim agus Caiteachais ar bhonn infhaighte. Coinnítear aon ioncam nár caitheadh mar ioncam carntha sa chúlchiste dearlaice.

Aithnítear ioncam a fhaightear trí Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide le haghaidh tionscadail sainiúil chuig méid an chaiteachais a thabhaítear don tionscadal, agus caitear le hioncam níos mó a fhaightear mar ioncam iarchurtha ar an glár comhardaithe.

Aistriú Airgeadra coigríche

Déantar idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche a thaifeadadh ag an ráta malartaithe ar na dátaí sin ar tharla na hidirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais a ainmnítear in airgeadra coigríche isteach go euro ag rátaí dheireadh na bliana. Déileáiltear leis na difríochtaí malartaithe a bhíonn mar thoradh orthu i réiteach ioncaim agus caiteachais don bhliain airgeadais.

Sócmhainní seasta inláimhsithe

(a) Talamh agus Foirgnimh

Rinne Bord na hOllscoile athluacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh i 1998. Rinneadh foirgnimh na hOllscoile a luacháil ar bhonn úsáid reatha. Rinneadh an talamh a luacháil ag €126,974 in aghaidh an acra agus rinneadh na foirgnimh a luacháil ag an gcostas caighdeánach €2,413 in aghaidh gach méadar cearnach.

De réir FRS 15 “Sócmhainní Seasta Inláimhsithe” choinnigh an Ollscoil glan-luach leabhair na talún agus na bhfoirgneamh, a rinneadh a athluacháil i 1998. Coinnítear na luachanna seo faoi réir an riachtanais atá ann sócmhainní a thástáil i gcomhair lagaithe de réir FRS 11. Tá talamh agus foirgnimh a fuarthas ó rinneadh an luacháil san áireamh sa chlár comhardaithe ag a gcostas. Ní dhímheastar talamh ruílse. Dímheastar foirgnimh stairiúla thar a saol eacnamaíoch úsáideach measta don Choláiste in imeacht 80 bliain; dímheastar foirgnimh eile thar 50 bliain, ach amháin sa chás go gcoinnítear iad faoi léasanna airgeadais ina ndéantar iad a dímheas thar théarma an léasa.

Nuair a fhaightear talamh agus foirgnimh le cabhair ó dheontais shainiúla déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas mar atá thuas. Cuirtear na deontais ghaolmhara chun sochair cuntas deontais chaipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar saol eacnamaíoch úsáideach measta na sócmhainne gaolmhara ar bhonn comhsheasmhach leis an mbeartas dímheasta.

Déantar costais airgeadais, a bhíonn inchurtha go díreach le tógáil talún agus foirgneamh, a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóchta (ar lean..)

(a) *Talamh agus Foirgnimh - ar lean*

Déantar athbhreithniú ar lagú sócmhainne seasta má léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca go bhféadfadh sé tarlú nach mbeadh méid carraeireachta na sócmhainne seasta inaisghabhála.

Déantar foirgnimh a bhíonn á dtógáil a chuntasú ag costas, bunaithe ar luach theastas na n-ailtirí agus costais dhíreacha eile a thabhaítear chuig deireadh na bliana airgeadais. Ní dhímheastar iad go dtí go dtosaítear á n-úsáid.

Bhreithnigh an Ollscoil feidhmiú an FRS 5: "Substaint na nldirbheart a Thuairisciú" maidir le sócmhainní áirithe a úsáideann an Ollscoil nuair a léireodh foirm dlí na nldirbheart seo nach bhfuil cuid de na sócmhainní ar fad faoi úinéireacht na hOllscoile. Léiríodh substaint airgeadais na nldirbheart ar fad sna ráitis airgeadais chomhdhlúite agus dá réir sin tá luach iomlán na sócmhainní seo san áireamh sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

(b) *Trealamh*

Díscríobhtar trealamh le costas níos lú ná €10,000 in aghaidh gach earra ar leith go dtí an cuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina bhfaightear é.

Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ag costas. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a saol eacnamaíoch úsáideach mar seo a leanas:

Sócmhainní Léasaithe	20 bliain nó príomhthréimhse léasa, más níos giorra
Trealamh ríomhaireachta	3 bliana
Troscán	10 bliana
Trealamh	5 bliana
Bogearraí Ríomhaireachta	5 bliana

Nuair a fhaightear trealamh le cabhair ó dheontais shainiúla déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuas, leis an deontas gaolmhar curtha chun sochair cuntas deontais chaipitil iarchurtha agus scaoiltear iad chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaol eacnamaíoch úsáideach measta an trealamh ghaolmhair sin.

(c) *Bronntanais*

Faigheann an Ollscoil sochair chomhchineála ó am go ham, mar bhronntanas trealamh. Déantar rudaí a bhrontar ar an Ollscoil a mbíonn luach suntasach leo agus a gcaithfeadh an Ollscoil leo mar sócmhainní seasta inláimhsithe dá ndéanfaí iad a cheannach, a chaipitliú ag a luach reatha agus a dhímheas de réir an bheartais atá leagtha amach thuas. Caitear le luach an bhrontanais mar dheontas caipitil iarchurtha agus déantar é a amúchadh sa chuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré na sócmhainne gaolmhaire.

Sócmhainní ar Léas

Caitear le comhaontuithe léasaithe a aistríonn na sochair agus na rioscaí ar fad a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne chuig an Ollscoil mar sócmhainn a ceannaíodh amach ar fad. Bíonn na sócmhainní san áireamh i sócmhainní seasta agus léirítear an ghné chaipitil de na tiomantais ar léas mar oibleagáidí faoi léasanna airgeadais.

Ar dtús, nuair a bhíonn íocaíochtaí sceidealta níos lú ná an muirear úis don bhliain, cuirtear an ghné úis nár íocadh leis an oibleagáid cíosa atá fós gan íoc. Seachas sin caitear le cíosanna léasaithe mar chíosanna a bhfuil gnéithe caipitil agus úis san áireamh leo. Feidhmítear an ghné chaipitil chun na hoibleagáidí neamhíochta a laghdú agus gearrtar an ghné úis ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais i gcomhréir leis an ngné chaipitil neamhíochta atá ag laghdú. Dímheastar sócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais a dhímheas thar an téarma ar léas nó thar shaol úsáideach eacnamaíoch sócmhainní comhionanna, cibé acu is lú.

Gearrtar costais chíosa faoi léasanna oibríochta do chaiteachais i méideanna comhionann bliantúla thar thréimhse an léasa.

Sócmhainní Oidhreachta

Sealbhaíonn agus coinníonn an Ollscoil sócmhainní oidhreachta ar leith ar nós pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní nach féidir luach a chur orthu. Caomhnaíonn an Ollscoil na sócmhainní seo ar mhaithe le taighde agus teagasc agus ar mhaithe le hidirghníomhú idir an Ollscoil agus an pobal.

Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a fhaightear roimh 1 Deireadh Fómhair 2006 a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go mbreithnítear nach féidir aon fhíor-luach a leagan orthu de bharr easpa eolais a bheith ann ar an gcostas a bhain len iad a cheannach an chéad uair agus de bharr nach féidir na sócmhainní seo a réadú go réidh. Tá gach costas a tabhaíodh maidir lena gcaomhnú tugtha de réir mar a tabhaíodh iad.

Maidir le breiseanna sócmhainní Oidhreachta a fuarthas tar éis 1 Deireadh Fómhair 2006, nach bhfuil á gcoinneáil chun críocha teagaisc agus taighde, déanann an Ollscoil iad seo a chaipitliú de réir a gcostas (i gcás éadálacha de chuid na hOllscoile).

Déantar sócmhainní oidhreachta a deonaíodh nach bhfuil á gcoinneáil chun críocha teagaisc agus taighde a chaipitliú le tagairt dá luach árachais ó tharla go n-uasmhéadaíonn seo a luach cothrom. Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a bhfuil luach níos lú ná €150,000 acu a chaipitliú sna ráitis airgeadais.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasafochta (ar lean..)

Maoine infheistíochta

Luaitear maoín infheistíochta ar luach an mhargaidh oscailte, de réir SSAP 19. Déanann luachálaithe gairmiúla neamhspleácha tríú páirtí nó an Ollscoil athluacháil ar mhaoín infheistíochta gach bliain agus ní dhéantar í a dhímheas nó a amúchadh. Déantar gluaiseachtaí sa luach a léiriú sa chúlchiste athluachála seachas sa chás go mbíonn athluacháil níos mó ná méid na ngnóthachan athluachála roimhe seo maidir le maoín agus ina meastar go mbeidh an caillteanas buan, agus sa chás sin déantar barrachas an chaillteanais ar na gnóthachain roimhe sin a chur sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Ar an gcaoi chéanna, sa chás ina meastar go mbeidh aisiompú caillteanais a gearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais roimhe seo buan déantar an gnóthachan a eascraíonn as a chur chun sochair an chuntais ioncaim agus caiteachais.

Dearlaicé

Luaitear infheistíochtaí ag na luachálacha seo a leanas: Luaitear infheistíochtaí luaite ag luach an mhargaidh bunaithe ar phraghsanna a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe. Luaitear iontaobhais aonaid ag an glanluach sócmhainní arna lua ag na bainisteoirí infheistíochta ag dáta dheireadh na bliana. Luaitear infheistíochtaí arna gcoinneáil i gcistí bainistithe agus i gcistí aonadnasctha ag praghsanna tairgthe amhail dáta an chláir chomhardaithe. Aistrítear luachanna margaidh infheistíochtaí coigríche chuig euro trí na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag deireadh na bliana a úsáid.

Tuairiscítear athruithe ar luach margaidh na n-infheistíochtaí dearlaice sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána mar arduithe nó lagduithe ar Chistí agus Sócmhainní Dearlaice.

Infheistíochtaí Eile

Luaitear infheistíochtaí airgeadais eile ag luach an mhargaidh agus déantar iad a nochtadh faoi shócmhainní seasta nó sócmhainní reatha ag brath ar leachtacht punainne.

Stoic

Luaitear stoic ag a gcostas nó ag a nglan-luach inréadaithe, cibé acu is lú. Nuair is gá leis, déantar soláthar do stoc críon, a bhíonn ag gluaiseacht go mall nó a bhíonn lochtach. Gearrtar caiteachas a thabhaíonn an Ollscoil ar leabhair agus ar stoic inchaite ó dheontais atarlaithe chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Cánachas

Ó tharla go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil, ní bhíonn sé faoi dhliteanas Cháin Chorporáide nó Cháin Ioncaim ar aon cheann dá chuid gníomhaíochtaí carthanachta.

Forálacha

Aithnítear forálacha nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó tógála ar an Ollscoil mar thoradh ar imeacht san am a caitheadh, d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh aistriú sochair eacnamaíoch riachtanach chun an oibleagáid a shocrú agus gur féidir meastachán iontaoifa a dhéanamh.

Sochair Scoir

Tá socruithe sochair shainithe áirithe ag an Ollscoil atá mionsonraithe i Nóta 31.

Feidhmíonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide scéim ranníocaíochtaí shainithe. Léiríonn an méid a gearradh chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais an ranníocaíocht atá infíochta leis an scéim maidir leis an tréimhse cuntasafochta.

Costais pinsin

Maidir le scéimeanna pinsin shochair shainithe, déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéime (más ann dóibh) agus luach reatha dliteanas na scéime a measadh go hachtúireach, agus a ríomhtar trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid fortheilgthe a nochtadh ar an gclár comhardaithe.

Is ionann an méid a ghearrtar ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais agus costas na sochar pinsin a gealladh do na fostaithe agus a thuill siad i rith na bliana agus a cinneadh go hachtúireach móide aon fheabhsúcháin shochair a bronnadh ar chomhaltaí i rith na bliana.

Léirítear an t-aschur ionchais ar shócmhainní na scéime pinsin i rith na bliana agus an t-ardú ar dhliteanais na scéime mar gheall ar dhíchornadh na lascaine i rith na bliana mar chostais airgeadais sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Aithnítear aon difríocht idir an toradh ionchais ar shócmhainní (más ann) agus an toradh a baineadh amach i ndáiríre agus aon athrú ar dhliteanais mar gheall ar athruithe ar bhoinn tuisceana nó mar gheall go raibh an tairgthe i rith na bliana éagsúil ón tairgthe measta, mar ghnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa ráiteas ar ghnóthachain agus ar chaillteanais aitheanta iomlána.

Sócmhainn infhaighte pinsin

Cé go mbaineann an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 go sonrach leis an Máistirscéim Pinsin, agus go mbaineann an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 go sonrach leis an Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair, mar a dhéantar cur síos breise uirthi i Nóta 31, cuireadh comhairle ar an Ollscoil go mbeadh an Stát ag freastal ar dhliteanais phinsin amach anseo don Scéim Shamplach agus don Forlíonadh Pinsin ar bhonn íoc mar a thuilltear. Mar thoradh air sin, léiríonn na cuntais sócmhainn infhaighte a dhéanann fritháireamh iomlán ar an dliteanas pinsin. Áirítear gluaiseachtaí ar an bpinsin infhaighte seo sa chuntas ioncaim agus caiteachais nó sa ráiteas ar ghnóthachain agus ar chaillteanais aitheanta iomlána chun go mbeadh siad ar aon dul leis an ngluaiseacht sna dliteanais pinsin.

Cothabháil Áitreabh

Muirearítear costas na gnáthchothabhála ceartaithí chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse a tabhaíodh é.

Cistí airgid agus leachtacha

Sa ráiteas faoi shreabhadh airgid, sonraítear airgead mar airgead agus taiscí atá inaisíochta ar éileamh agus rótharraingtí. Rangaítear taiscí eile a bhfuil tréimhsí aibíochta nó fógartha níos mó ná lá oibre amháin ach níos lú ná bliain amháin i gceist leo agus infheistíochtaí sócmhainní reatha arna trádáil ar mhargadh gníomhach mar chistí leachtacha.

AN CUNTAS IONCAM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE
Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Ioncam			
Deontais Stáit	1	44,512	47,279
Táillí acadúla	2	128,872	124,234
Deontais taighde agus conarthaí	3	85,199	78,004
Amúchadh deontas caipitil iarchurtha	19	10,571	11,599
Ioncam oibríochta eile	4	52,456	49,178
Ioncam úis		487	866
Ioncam/(costas) airgeadais eile	5	-	-
Ioncam Dearlaice	6	6,556	7,022
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta	12	3,097	7,881
Ioncam Iomlán		331,750	326,063
Caiteachas			
Costais foirne	7	230,713	225,756
Costais oibríochta eile	8	94,468	89,368
Ús iníoctha	9	4,059	4,217
Dímheas	11	26,610	28,554
Caiteachas Iomlán		355,850	347,895
Easnamh don bhliain roimh chánachas		(24,100)	(21,832)
Cánachas	10	-	-
Easnamh don bhliain tar éis cánachais		(24,100)	(21,832)
Lúide: Barrachas don bhliain aistrithe chuig ioncam carntha sna cistí dearlaice	20	(1,270)	(1,588)
Easnamh don bhliain coinnithe laistigh den chúlchiste ioncaim	22	(25,370)	(23,420)

Cheadaigh Bord na hOllscoile na ráitis airgeadais ó leathanaigh 13 go 42 an 23 Márta 2016 agus tá siad sínithe thar ceann an Bhoird ag:

AN DR PATRICK PRENDERGAST
PROFAST

IAN MATHEWS
PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR CHOSTAIS BHARRACHAIS AGUS EASNAIMH STAIRIÚLA
Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

	2015 €'000	2014 €'000
Easnamh don bhliain tar éis cánachais	(24,100)	(21,832)
Difríocht idir dímheas costais stairiúil agus an muirear iarbhir don bhliain arna ríomh ar an méid athluacháilte	4,477	4,477
Costas barrachais stairiúil don bhliain roimh chánachas	(19,623)	(17,355)
Costas barrachais stairiúil don bhliain i ndiaidh cánachais	(19,623)	(17,355)

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR GHNÓTHACHAIN AGUS AR CHAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA
Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Easnamh don bhliain tar éis cánachais		(24,100)	(21,832)
Ní léirítear gnóthachan athluachála breise ar mhaoín infheistíochta sa chuntas ioncaim agus caiteachais	12	6,789	1,621
Dearlaicí nua	20	209	1,212
Glan-luachmhéadú infheistíochtaí sócmhainní dearlaice	20	2,145	15,805
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach i ndáil le scéimeanna pinsin	31	87,268	(187,178)
Gluaiseacht ar phinsean infhaighte	31	(87,268)	187,178
Caillteanais Aitheanta Iomlána don Bhliain		(14,957)	(3,194)

CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE AGUS CLÁR COMHARDAITHE NA hOLLSCOILE
Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

		Comhdhlúite		Ollscoil	
	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000	2015 €'000	2014 €'000
Sócmhainní seasta					
Sócmhainní inláimhsithe	11	752,452	761,668	752,418	761,620
Maoine infheistíochta	12	56,255	46,369	56,255	46,369
		808,707	808,037	808,673	807,989
Sócmhainní Dearlaice	13	168,737	165,113	168,737	165,113
Sócmhainní reatha					
Féichiúnaithe	14	50,960	47,916	50,720	47,859
Stoc	15	492	320	492	320
Airgead sa bhanc agus ar láimh	29	25,944	21,677	13,432	10,383
Taiscí gearrthéarmacha	29	152,606	148,048	140,000	135,563
Infheistíochtaí gearrthéarmacha	29	1,320	-	-	-
		231,322	217,961	204,644	194,125
Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	16	(173,136)	(147,528)	(156,503)	(135,900)
Glan sócmhainní reatha		58,186	70,433	48,141	58,225
Sócmhainní iomlána líúide dliteanais reatha		1,035,630	1,043,583	1,025,551	1,031,327
Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin	17	(148,394)	(134,280)	(148,394)	(134,280)
Glan sócmhainní gan sócmhainn/(dliteanas) pinsín san áireamh		887,236	909,303	877,157	897,047
Dliteanas pinsín	31	(1,395,218)	(1,423,616)	(1,395,218)	(1,423,616)
Pinsean infhaighte	31	1,395,218	1,423,616	1,395,218	1,423,616
Glan Sócmhainní		887,236	909,303	877,157	897,047

CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE AGUS CLÁR COMHARDAITHE NA hOLLSCOILE (ar lean)
Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

	Nótaí	Comhdhlúite		Ollscoil	
		2015 €'000	2014 €'000	2015 €'000	2014 €'000
Arna léiriú ag:					
Deontais chaipitil iarchurtha	19	412,907	420,017	412,907	420,017
Cistí dearlaice: Buan	20	160,347	156,793	160,347	156,793
Cistí dearlaice: Inídithe	20	8,390	8,320	8,390	8,320
		168,737	165,113	168,737	165,113
Cúlchiste athluachála	21	342,325	335,536	342,325	335,536
Cúlchiste ioncaim	22	(36,733)	(11,363)	(46,812)	(23,619)
		305,592	324,173	295,513	311,917
		887,236	909,303	877,157	897,047

Cheadaigh Bord na hOllscoile na ráitis airgeadais ó leathanaigh 13 go 42 an 23 Márta 2016 agus tá siad sínithe thar ceann an Bhoird ag:

AN DR PATRICK PRENDERGAST
PROFAST

IAN MATHEWS
PRÍOMHOIFIGEACH AIRGEADAIS

RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID
Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	25	21,556	(9,849)
Aischuir ar infheistíochtaí agus seirbhísíú airgeadais	26	3,004	3,819
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	27	(14,402)	(10,120)
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid roimh bhainistiú acmhainní leachtaithe agus maoiniú		10,158	(16,150)
Acmhainní leachtacha a bhainistiú	28	(5,878)	(7,213)
Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim sa bhliain		<u>4,280</u>	<u>(23,363)</u>
Réiteach glan-sreabhadh airgid chuig gluaiseacht i nglan-chistí			
Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim sa bhliain	29	4,280	(23,363)
Ardú ar acmhainní leachtacha	29	5,878	7,213
Gluaiseacht i nglan-chistí mar thoradh ar shreabhadh airgid		10,158	(16,150)
Ardú ar oibleagáidí léasaithe airgeadais	29	(20)	(148)
Gluaiseacht i nglan-chistí i rith na bliana		10,138	(16,298)
Glan-chistí ag tús na bliana	29	34,927	51,225
Glan-chistí ag deireadh na bliana	29	<u>45,065</u>	<u>34,927</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

1 Deontais Stáit	2015 €'000	2014 €'000
Deontais stáit leithroinnte chun chríocha atarlaithe	44,512	47,279
Fuarthas an t-ioncam deontais thuas ó na foinsí seo a leanas:	2015 €'000	2014 €'000
HEA	41,413	43,921
An Roinn Sláinte	3,099	3,358
	44,512	47,279
Réiteach deontais Stáit a fuarthas chuig ioncam aitheanta	2015 €'000	2014 €'000
Deontas Stáit a fuarthas i leith na bliana reatha	43,411	48,641
Deontas Stáit a iarchuireadh ón mbliain cuntasáíochta roimhe seo (Nóta 16)	3,816	2,454
Deontas Stáit a iarchuireadh chuig blianta cuntasáíochta ina dhiaidh sin (Nóta 16)	(2,715)	(3,816)
	44,512	47,279
Faightear maoiniú ón Stát ar bhonn bliana féilire. Tá bliain airgeadais na hOllscoile bunaithe ar an mbliain acadúil, ó Dheireadh Fómhair go Meán Fómhair. De réir bheartas cuntasáíochta na hOllscoile, aithníodh deontais atarlaithe ar bhonn fabhráithe. Dá bhrí sin, in aon bhliain cuntasáíochta, déanfar gné mhaoinithe a iarchur chuig tréimhsí cuntasáíochta ina dhiaidh sin chun an maoiniú a mheaitseáil leis an gcaiteachas gaolmhar.		
2 Táillí acadúla	2015 €'000	2014 €'000
Ioncam ó tháillí acadúla	124,502	120,456
Ioncam ó chúrsaí gearra, USI agus ó thobhach spóirt	2,301	2,065
Ioncam Ilghnéitheach ó tháillí	2,069	1,713
Táillí iomlána íoctha ag nó thar ceann mic léinn ar leith	128,872	124,234
Íocadh iomlán de €39,511,725 (2014: €41,620,521) a áiríodh san ioncam ó tháillí acadúla go díreach ag an Údarás um Ard-Oideachas (HEA). Áirítear air sin táillí altranais de €3,966,138 (2014: €4,329,640).		
Déantar anailís ar an ioncam ó tháillí acadúla mar seo a leanas:	2015 €'000	2014 €'000
Lánaimseartha AE	86,231	85,381
Lánaimseartha neamh-AE	29,837	27,363
Páirtaimseartha AE	8,160	7,331
Páirtaimseartha neamh-AE	274	381
	124,502	120,456

Chun críocha comparáideacha rinneadh iarmhéideanna na gcatagóirí ioncaim 2014 a ailíniú in athuair chun an t-ordlathas tuairiscithe leasaithe faoin gCóras Faisnéise Airgeadais a léiriú, rud a d'fhág ioncam €2.065 ó chúrsaí gearra, USI agus ó thobhach spóirt á aistriú ó ioncam oibríochta eile chuig táillí acadúla.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

3 Deontais agus conarthaf taighde	2015 €'000	2014 €'000
Stát agus leathstáit	53,429	50,492
An tAontas Eorpach	16,090	13,945
Tionscal	1,978	1,729
Eile	7,006	5,600
Forchostais SFI	6,696	6,238
	<u>85,199</u>	<u>78,004</u>

4 Ioncam oibríochta eile	2015 €'000	2014 €'000
Scoileanna Acadúla agus Oifigí Dáimhe	5,969	4,953
Limistéir Seirbhíse	4,448	2,347
Lónadóireacht	2,916	2,640
Áiteanna Cónaithe	11,336	9,830
Seirbhísí coimhdeacha eile	1,114	1,074
Ioncam ó chíos	8,199	7,822
Ioncam Leabharlainne	9,991	7,949
Ioncam lámhaltais	1,682	826
Gníomhaíochtaí neamhacadúla eile	1,738	3,410
Gailearaí Eolaíochta	1,583	1,812
Ioncam pinsin HEA	-	1,127
Ioncam eile	3,480	5,388
	<u>52,456</u>	<u>49,178</u>

Chun críocha comparáideacha rinneadh iarmhéideanna na gcatagóirí ioncain 2014 a ailíniú in athuair chun an t-ordlathas tuairiscithe leasaithe faoin gCóras Faisnéise Airgeadais a léiriú. B'ionann glan-éifeacht an ailínithe sin ar chostais oibríochta eile in 2014 ná €2.065m a aistriú ó ioncam oibríochta eile chuig táillí acadúla.

5 Ioncam/(costas) airgeadais eile	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Ús ar dhliteanais phinsin	31	(37,973)	(45,228)
Gluaiseacht ar phinsean infhaighte chun costais airgeadais a fhritháireamh	31	37,973	45,228
		<u>-</u>	<u>-</u>

6 Ioncam Dearlaice	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Ioncam ó dhearlaicí buana	20	6,286	6,728
Ioncam ó dhearlaicí inídithe		270	294
		<u>6,556</u>	<u>7,022</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

7 Costais foirne		Nótaí	
Is mar seo a leanas a bhí an meánlíon daoine in aghaidh na seachtaine (lena n-áirítear sealbhóirí poist sinsearach) a bhí fostaithe san Ollscoil i rith na bliana, léirithe mar shealbhóirí comhionann lánaimseartha:			
		2015 Líon	2014 Líon
Teagasc agus taighde		2,173	2,170
Teicniúil		142	144
Seirbhísí tacaíochta		1,002	988
Eile		754	779
		4,071	4,081
		2015 €'000	2014 €'000
Tuarastail agus pá		190,857	187,793
Costais leasa shóisialaigh		14,904	14,300
Costais phinsin eile**		24,952	23,663
		230,713	225,756
** Costais phinsin eile i leith:		2015 €'000	2014 €'000
Sochar sainithe	31	50,901	39,366
Ranníocaíocht shainithe	31	150	159
Gluaiseacht ar phinsean infhaighte chun costais incriminteacha FRS 17 a fhritháireamh	31	(26,099)	(15,862)
		24,952	23,663

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

8 Costais oibríochta eile	2015 €'000	2014 €'000
Muirir theileafóin agus muirir ghaolmhara	689	741
Earraí inchaite	11,355	11,957
Costas earraí díolta	3,400	3,272
Ríomhairí agus trealamh eile	7,302	5,342
Teas, solas, uisce agus cumhacht	8,206	9,467
Leabhair agus tréimhseacháin, priontáil & páipéarachas	4,882	4,951
Deisiúcháin agus cothabháil ghinearálta	5,142	3,922
Árachas	1,058	1,230
Seirbhísí Gairmiúla	7,463	7,436
Cíos, rátaí & cáin mhaoine	2,683	2,624
Taisteal agus cothabháil	5,561	5,500
Fáilteachas agus siamsaíocht	760	1,025
Earcú	776	914
Caipitlíocht	1,027	1,157
Costais maidir le scoláirí agus Comhaltaí	1,358	1,407
Costais & Dámhachtainí a bhaineann le Mic Léinn	9,666	8,835
Costais a bhaineann le fostaithe	1,805	1,300
Fógraíocht & Costais Chaidrimh Phoiblí	1,228	1,155
Muirir bhainc	437	539
Measúnú Cáilíochta & Riosca	437	435
Conarthaí Seirbhíse	6,308	9,461
Suibscríbhinní & Táillí Ballraíochta	1,301	1,136
Caiteachas díreach Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide	2,771	1,499
Caiteachas díreach chistí dearlaice	1,199	1,205
Costais eile	7,654	2,858
	94,468	89,368
Áirítear ar chostais oibríochta eile:		
Luach saothair na n-iniúcháirí (CBL san áireamh)	152	203
Táille Iniúcháirí Reachtuil	35	38
	187	241

Fostaíonn Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath iniúcháirí inmheánach agus cuireadh na costais sin san áireamh mar chuid de chostais foirne na bliana.

Táillí saor in aisce (tarscaoileadh táillí agus táillí scoláirí) €3.3m (2014: €2.8m) in ioncam táillí agus taispeántar an caiteachas measta gaolmhar eile i gcostais eile. Tá sin ag teacht le hearnáil na hOllscoile.

Chun críocha comparáideacha rinneadh iarmhéideanna na gcatagóirí costas 2014 a ailíniú in athuair chun an t-ordlathas tuairiscithe leasaithe faoin gCóras Faisnéise Airgeadais a léiriú. B'ionann glan-éifeacht an ailínithe sin ar chostais oibríochta eile in 2014 agus €Nialas.

9 Ús iníochta	2015 €'000	2014 €'000
Maidir le léasanna airgeadais	3,510	3,503
Ar iasacht bainc	549	714
	4,059	4,217

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

10 Cánachas

Níl ann do mhuirear cánach corparáidigh don Ollscoil ná dá fhochuideachta sa bhliain reatha mar gheall go bhfuil stádas díolúinte cánach acu.

11 Sócmhainní seasta inláimhsithe	Talamh agus foirgnimh €'000	Trealamh Ríomhaire €'000	Trealamh €'000	Iomlán €'000
-----------------------------------	--------------------------------	--------------------------------	-------------------	-----------------

COMHDHLÚITE

Costas nó luacháil

Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014-athbhreithnithe*	946,704	19,349	174,352	1,140,405
Breiseanna	11,551	1,116	4,727	17,394
Diúscairtí	-	(202)	(1,293)	(1,495)
Ag 30 Meán Fómhair 2015	958,255	20,263	177,786	1,156,304

Dímheas

Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014-athbhreithnithe*	213,267	15,937	149,533	378,737
Dímheas don bhliain	16,217	1,575	8,818	26,610
Diúscairtí	-	(202)	(1,293)	(1,495)
Ag 30 Meán Fómhair 2015	229,484	17,310	157,058	403,852

Glan-luach leabhair

Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	733,437	3,412	24,819	761,668
Ag 30 Meán Fómhair 2015	728,771	2,953	20,728	752,452

OLLSCOIL

Costas nó luacháil

Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014-athbhreithnithe*	946,704	19,009	174,205	1,139,918
Breiseanna	11,551	1,098	4,726	17,375
Diúscairtí	-	(202)	(1,293)	(1,495)
Ag 30 Meán Fómhair 2015	958,255	19,905	177,638	1,155,798

Dímheas

Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014-athbhreithnithe*	213,267	15,632	149,399	378,298
Dímheas don bhliain	16,217	1,542	8,818	26,577
Diúscairtí	-	(202)	(1,293)	(1,495)
Ag 30 Meán Fómhair 2015	229,484	16,972	156,924	403,380

Glan-luach leabhair

Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	733,437	3,377	24,806	761,620
Ag 30 Meán Fómhair 2015	728,771	2,933	20,714	752,418

*Rinneadh coigeartú €4.654m ar chostas agus dímheas carntha i larmhéideanna Tosaigh i bhFoirgnimh chun diúscairt sócmhainní na bliana roimhe seo a laghdáil go hiomlán go dtí NBV nialais a léiriú.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

11 Sócmhainní seasta inláimhsithe (ar lean)

Áirítear ar Thalamh agus Foirgnimh sócmhainní a ndearna Bord na hOllscoile luacháil orthu i 1998 agus is ionann costas stairiúil na sócmhainní athluacháilte agus €341,648,000.

Rinneadh talamh a luacháil ar bhonn úsáid reatha ag luacháil de €126,974 ina aghaidh an acra. Rinneadh foirgnimh a luacháil ar bhonn úsáid reatha ag an gcostas caighdeánach de €2,413 in aghaidh gach méadair chearnaigh.

Áirítear le Talamh agus Foirgnimh sócmhainní atá á bhfoirgniú in 2014/15 de €13,769,097 (2013/14: €3,338,673).

Agus FRS 5, '*Substaint na nDirbheart a Thuairisciú*' á chur i bhfeidhm aici, tá maoin Talún agus Foirgneamh lena bhfuil dliteanais ghaolmhara de €59,300,462 (2013/14: €59,279,861) curtha san áireamh i gcreidiúnaithe (féach Nóta 17). B'ionann glan-luach leabhair na maoine sin agus €54,720,000 ag 30 Meán Fómhair 2015 (2013/14: €56,160,000).

Sócmhainní Oidhreacht

Sealbhaíonn agus coinníonn an Ollscoil sócmhainní oidhreacht ar leith ar nós pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní nach féidir luach a chur orthu. Caomhaíonn an Ollscoil na sócmhainní seo ar mhaithe le taighde agus teagasc agus ar mhaithe le hidirghníomhú idir an Ollscoil agus an pobal.

Ní dhéantar sócmhainní oidhreacht a fhaightear roimh 1 Deireadh Fómhair 2006 a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go mbreithnítear nach féidir aon fhíor-luach a leagan orthu de bharr easpa eolais a bheith ann ar an gcostas a bhain len iad a cheannach an chéad uair agus de bharr nach féidir na sócmhainní seo a réadú go réidh. Tá gach costas a tabhaíodh maidir lena gcaomhnú tugtha de réir mar a tabhaíodh iad. Téann príomh-shócmhainní oidhreacht a choinníonn an Ollscoil sna catagóirí thíos.

Leabharlann:

Tá níos mó ná 5 mhilliún imleabhar clóite i Leabharlann Choláiste na Tríonóide ina measc bailiúcháin mhóra irisleabhar, lámhscríbhinní, léarscáileanna agus ceoil, a léiríonn breis agus 400 bliain d'fhorbairt acadúil. Tá bailiúchán neamhchoitianta ar taispeáint sa Leabharlann ina bhfuil leabhair agus lámhscríbhinní ársa an Leabhar Ceanannais ina measc atá ar taispeáint sa tSean-Leabharlann i gColáiste na Tríonóide ó lár an 19ú haois. Tá láithreán gréasáin ag an Leabharlann ag www.tcd.ie/Library. Tá naisc ann chuig caomhnú agus buanchoimeád, eolas catalóige agus taispeántais agus imeachtaí.

Músaeim:

I mbailiúcháin na roinne tá níos mó ná 200,000 samplaí carraigeacha, mianraí, iontaisí, dreigítí agus múnlaí mar aon le hábhair ghrianghrafach agus cartlanna chomh maith le samplaí de speicis atá i mbaol agus de bhailiúcháin feithidí agus eiseamail a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint le go leor díobh.

Tá déantáin i Músaem Weingreen lárnach do theagasc fochéime faoi stair agus cultúir an Neasoirthir ársa, agus baintear úsáid astu freisin i dteagasc an mhodha seandálaíochta sna modúil i Stair Ársa agus i Seandálaíocht. Tá go leor diosctha stairiúla breátha sa Músaem Anatamaíochta ar féidir le na mic léinn a úsáid chun cur lena dtuiscint ar nádúr 3-thoiseach na colainne.

Bailiúchán Ealaíne:

Tá bailiúchán ealaíne mór ag an Ollscoil a bhailigh sí thar thréimhse trí chéad bliain ina bhfuil bailiúchán stairiúil portráidí agus dealbh mór le rá de chuid ealaíontóirí as Éirinn agus idirnáisiúnta agus atá le feiceáil ag an bpobal ar fud na hOllscoile.

Airgead:

Luaitear dáta siar chomh fada leis an seachtú aois déag le Bailiúchán Airgid Choláiste na Tríonóide agus sa bhailiúchán tá míreanna searmanais, oifigiúla, eaglasta agus plátaí baile, mar aon le míreanna Sheffield agus leictreaphlátála, rogha boscaí snaoisín agus luaithreadán mar aon le cás óir toitíní. Baintear úsáid as Más na hOllscoile agus as Pláta na hOllscoile chun críocha searmanais agus maisiúla ag Searmanais Tionscnaimh agus dinnéir speisialta de chuid na hOllscoile. Baintear úsáid as an mbailiúchán faoi láthair chun críocha oideachais agus taighde agus táthar i mbun breithnithe faoi láthair ar chóir an bailiúchán a chur ar taispeáint amach anseo nó nár chóir.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

11 Sócmhainní seasta inláimhsithe (ar lean)

Breiseanna/diúscairtí sócmhainní oidhreachta:

Rinneadh sócmhainní oidhreachta €0.48 a dheonú ar Choláiste na Tríonóide idir 1 Deireadh Fómhair 2010 agus 30 Meán Fómhair 2015 agus tugtar achoimre orthu thíos. Ní dhearnadh na sócmhainní seo a chaipitliú sna ráitis airgeadais ó tharla go ndéantar gach mír aonair a luacháil ag luach níos lú ná an tairseach €0.15m.

	2010/11	2011/12	2012/13	2013/14	2014/15
Luach na nDámhachtainí de réir deonacháin	€0.15m	€0.08m	€0.07m	€0.12m	€0.06m

Níor déanadh aon sócmhainní oidhreachta a dhiúscairt idir 1 Deireadh Fómhair 2010 agus 30 Meán Fómhair 2015.

12 Maoine infheistíochta	Comhdhlúite agus Ollscoil	
	2015 €'000	2014 €'000
Ag tús na bliana	46,369	42,517
Athrangú chuig sócmhainní seasta inláimhsithe	-	(5,650)
Gnóthachain athluachála sa bhliain	9,886	9,502
Ag deireadh na bliana	56,255	46,369

Rinne GVA Dónal O Buachalla, Suirbhéirí Cairte, luacháil neamhspleách ar gach maoin infheistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2015 ag luach oscailte an mhargaidh de réir chaighdeán luachála Suirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga.

Tugadh luachálacha Teach Lincoln agus 3&4 Sráid Laighean Theas/18-19 Plás Lincoln cothrom le dáta an 30 Meán Fómhair 2013 agus bhí barrachais athluachála de €1.6m agus €0.3m in 2015 faoi seach mar thoradh air. Bhí gnóthachan athluachála €2.4m mar thoradh ar luacháil ar Theach Oisín an 30 Meán Fómhair 2015. Amhail an 30 Meán Fómhair 2015 cuireadh luach €34.6m ar Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (gné tráchtála) ach a raibh gnóthachan athluachála de €5.6m in 2015 mar thoradh air.

Bhí gnóthachain €9.9m ar athluacháil maoine infheistíochta i mbliana agus cuireadh €6.8m de sin chuig an gcúlchiste athluachála ar an gclár comhardaithe (2014: €1.62m) agus aithníodh €3.1m (Teach Lincoln €1.3m agus Bitheolaíochtaí €1.8m) mar ghnóthachan sa chuntas ioncaim agus caiteachais (2014: €7.88m) toisc go n-aisiompáíonn sé na muirir lagaithe stairiúla in aghaidh chostas bunaidh an fhoirgnimh a taifeadadh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais roimhe seo.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

13 Sócmhainní Dearlaice	Nótaí	Comhdhlúite agus Ollscoil	
		2015 €'000	2014 €'000
Ag tús na bliana		165,113	146,508
Dearlaicí nua	20	209	1,212
Glan-mhéadú ar luach margaidh infheistíochtaí	20	2,145	15,805
Barrachas aistrithe as an gcuntas ioncaim agus caiteachais	20	1,270	1,588
Ag deireadh na bliana		168,737	165,113
Arna léiriú ag:			
Bannaí		54,231	67,788
Gnáthscaireanna		72,816	64,976
Bannaí Cúpóin Nialasaigh		-	2,071
Roghanna eile éagsúlaithe		8,964	8,499
Maoín		22,595	19,355
Cistí Infreastruchtúir		6,980	-
Taiscí Airgid Thirim		1,000	1,000
Caipiteal oibre		2,151	1,424
Sócmhainní dearlaice iomlána		168,737	165,113

14 Féichiúnaithe	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2015 €'000	2014 €'000	2015 €'000	2014 €'000
Féichiúnaithe trádála	2,563	3,322	2,563	3,322
Deontais agus conarthaí taighde infhaighte	24,413	19,782	24,413	19,782
Deontais chaipitil Stáit infhaighte	11,820	13,114	11,820	13,114
Maoiniú caipitil infhaighte nach maoiniú Stáit é	804	1,456	804	1,456
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	11,360	10,242	11,030	10,049
Méideanna dlite ó fhoghnóthais	-	-	90	136
	50,960	47,916	50,720	47,859

15 Stoic	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2015 €'000	2014 €'000	2015 €'000	2014 €'000
Amhábhair agus earraí inchaite	102	40	102	40
Earraí críochnaithe le hathdhíol	390	280	390	280
	492	320	492	320

Níl aon difríocht ábhartha idir an méid stoic ar an gclár comhardaithe agus an costas athsholáthair ina leith.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

16 Creidiúnaithe: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2015 €'000	2014 €'000	2015 €'000	2014 €'000
Creidiúnaithe trádála	4,019	3,516	3,453	3,209
Deontais agus conarthaí taighde roimh ré	53,775	46,880	53,775	46,880
Táillí acadúla faighte roimh ré	46,825	40,683	46,825	40,683
Deontas stáit atarlaithe faighte roimh ré	2,715	3,816	2,715	3,816
Maoiniú caipitil faighte roimh ré	454	2,869	454	2,869
Fabhruithe agus ioncam iarchurtha	40,329	27,941	24,264	16,622
Iasachtaí bainc agus rótharraingtí (Nóta 18)	505	518	505	518
ÍMAT/ÁSPC	5,114	5,049	5,114	5,049
Creidiúnaithe eile	19,400	16,256	19,398	16,254
	173,136	147,528	156,503	135,900

Áirítear ar fhabhruithe ioncam iarchurtha €4.6m (2014: €0.6m) i ndáil le comhaontuithe lamhátais.

17 Creidiúnaithe: Méideanna dlite tar éis níos mó ná bliana amháin	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2015 €'000	2014 €'000	2015 €'000	2014 €'000
Oibleagáidí faoi léas airgeadais (Nóta 18)	59,300	59,280	59,300	59,280
Iasacht bainc (Nóta 18)	75,000	75,000	75,000	75,000
Ioncam larchurtha	14,094	-	14,094	-
	148,394	134,280	148,394	134,280

Baineann an oibleagáid léasa airgeadais leis an socrú airgeadais do Halla na Tríonóide a bhfuil substaint léasa airgeadais aige. Tá na hoibleagáidí faoi léas airgeadais go léir san áireamh i gcreidiúnaithe atá dlite tar éis bliana amháin.

Tá saoráid iasachta €75 milliún ag an Ollscoil leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. Iasacht ar ráta athraitheach an t-iasacht atá ceangailte le Euribor 3 mhí agus atá infíochta gach sé mhí i ngálaí cothroma agus an chéad tráthchuid le n-óc in 2019. Ní mór don Ollscoil cloí le cúnaid ar leith atá mar chuid den tsaoráid iasachta seo.

18 Iasachtaí	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2015 €'000	2014 €'000	2015 €'000	2014 €'000
(a) Iasachtaí bainc agus rótharraingtí				
Tá iasachtaí bainc agus rótharraingtí inaisíochta mar seo a leanas:				
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin	505	518	505	518
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	4,321	952	4,321	952
Dlité tar éis níos mó ná cúig bliana	70,679	74,048	70,679	74,048
Iomlán	75,505	75,518	75,505	75,518

Níl aon saoráid iasachta bainc neamhtharraingthe ar fáil ag an Ollscoil amháin an 30 Meán Fómhair 2015.

(b) Léasanna airgeadais				
Is iad na glan-oibleagáidí léasa airgeadais dá bhfuil an Ollscoil tiomanta:				
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	2,300	1,447	2,300	1,447
Dlité tar éis níos mó ná cúig bliana	57,000	57,833	57,000	57,833
Iomlán	59,300	59,280	59,300	59,280

Baineann an oibleagáid leis an socrú airgeadais do Halla na Tríonóide a bhfuil substaint léasa airgeadais aige.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

19 Deontais chaipitil iarchurtha Comhdhlúite agus Ollscoil	Deontais eile		
	Stát €'000	agus Deontóirí €'000	Iomlán €'000
Foirgnimh & Trealamh			
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	271,259	148,758	420,017
Méid infhaighte	3,437	24	3,461
Scaoilte chuig ioncam agus caiteachas	(6,827)	(3,744)	(10,571)
Ag 30 Meán Fómhair 2015	267,869	145,038	412,907

20 Cistí Dearlaice
Comhdhlúite agus Ollscoil

Is éard atá i gCiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide ná bailiúchán cistí ar leithligh ar deonachán don Ollscoil gach ceann díobh. Is cistí dearlaice buana agus inídithe iad a thugann tacaíocht airgeadais do ghníomhaíochtaí saineiúla na hOllscoile. Is ionann cistí dearlaice buana agus iad sin ina gcaitear an caipiteal a chothú go buan. Déantar na cistí ar leithligh a infheistiú trí aonaid i gcomhscéim infheistíochta atá faomhaithe ag an Údarás Rialála Carthanais (Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn roimhe seo) faoi Alt 46 den Acht Carthanais 1961. Is iad an Propast, na Comhaltaí agus Scoláirí Choláiste na Tríonóide lontaobhaithe na gCistí Dearlaice. De ghnáth ainmnítear daoine faoi na hiontaobhais sonraithe a bhíonn freagrach as dul ar thóir cuspóirí sonraithe na gcistí ar leithligh.

	Srianta Buan €'000	Srianta Inídithe €'000	2015 Iomlán €'000	2014 Iomlán €'000
Caipitil	146,881	7,868	154,749	137,732
Ioncam Carntha	9,912	452	10,364	8,776
Ag tús na bliana	156,793	8,320	165,113	146,508
Dearlaicí nua	209	-	209	1,212
Glan-luachmhéadú infheistíochtaí dearlaice	2,141	4	2,145	15,805
Ioncam infheistíochta don bhliain	6,286	270	6,556	7,022
Caiteachas don bhliain	(5,082)	(204)	(5,286)	(5,434)
Ag deireadh na bliana	160,347	8,390	168,737	165,113
Arna léiriú ag:				
Caipitil	149,232	7,872	157,104	154,749
Ioncam Carntha	11,115	518	11,633	10,364
	160,347	8,390	168,737	165,113

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

20 Cistí dearlaice
Comhdhlúite agus Ollscoil (ar lean)

Tá mionsonraí thíos faoi na cistí ábhartha atá mar chuid de Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide agus ar ionann iad agus os cionn 1% de luach iomlán na gcistí dearlaice.

	← Ioncam Cartha →				Aistriú loncaim chuig		
	Luach Caipitil ag 30 M.F. 2015 €'000	Iarmhéid Tosaigh €'000	Ioncam €'000	Caiteachas €'000	Caipiteal €'000	Iarmhéid Deiridh €'000	Dáta a fuarthas
Taighde (na hEalaíona, Staidéar Eacnamaíochta & Sóisialta)	1,596	131	55	26	-	160	1979
Chetwood-Aiken	1,744	20	58	-	57	21	1969
Hitachi	1,782	14	61	60	-	15	1991
Ainmhí Brown	1,985	-	68	64	-	4	1973
Lámhscríbhinní Uí Shúilleabháin	2,124	111	73	65	-	119	2002
Léann na Luath-Ghaeilge	2,407	-	83	83	-	-	1996
Loyola	3,646	91	125	110	-	106	2013
Smurfit	2,480	-	85	85	-	-	1989
Ciste Forbartha Acadúla an Phropaist	3,226	499	111	180	-	430	1992
Nunn	3,333	836	114	-	-	950	1994
Coca Cola	3,429	50	118	132	-	36	1993
Taispeántais Iontrála Reid	3,999	82	137	74	-	145	1888
Taighde ar an Luath-Óige	4,230	362	145	197	-	310	2005
Iona Technologies	7,717	181	265	233	-	213	1997
Cistí Dáimhe	7,872	452	270	204	-	518	2009
Ciste Forbartha Caipitil Dearlaice	45,434	519	1,560	1,513	-	566	1995
	97,004	3,348	3,328	3,026	57	3,593	

Taighde (na hEalaíona, Staidéar Eacnamaíochta & Sóisialta)

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1979 chun tionscadail taighde de chuid baill foirne Dhámh na nEalaíon agus na nDaonnachtaí agus Dhámh na nEolaíochtaí Sóisialta agus Daonna, a mhaoiniú.

Chetwood-Aiken

Bunaíodh an dearlaic bhun shrianta seo i 1969 in uacht Bhean Uí Chetwood-Aiken chun tacú le taighde ar aise.

Hitachi

Bunaíodh an dearlaic bhun shrianta seo i 1991 chun Léachtóireacht in ainm Hitachi a bhunú le cur i bhfeidhm sa réimse eolaíocht ríomhaireachta.

Ainmhí Brown

Bunaíodh an dearlaic bhun shrianta seo i 1973 chun tacú le Léachtóir a choimeád san Ollscoil faoi Léachtóireacht Thomas Brown.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

20 Cistí Dearlaice (ar lean)

Lámhscríbhinní Uí Shúilleabháin

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo in 2002 in uacht an Uasail William Uí Shúilleabháin. Tá an t-ioncam seo le húsáid chun lámhscríbhinní a cheannach do Leabharlann na hOllscoile agus sin amháin.

Léann na Luath-Ghaeilge

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1996 chun Ollúnacht i Léann na Luath-Ghaeilge a mhaoiniú.

Loyola

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo in 2012 chun tacaíocht acadúil a chur ar fáil de réir mar a cheadaíonn an Propast.

Smurfit

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1989 chun tacú le hOllúnacht sa Ghéineolaíocht.

Ciste Forbartha Acadúla an Phropaist

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1992 chun tacaíocht acadúil a chur ar fáil de réir mar a cheadaíonn an Propast.

Nunn

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1994 in uacht Angela Lilian Nunn, chun críocha Taighde Liachta.

Coca Cola

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1993 chun Ollúnacht i Léann na Drámaíochta agus na hAmharclannaíochta.

Taispeántais Iontrála Reid

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1888 in uacht Richard Touhill Reid, chun sadhsóireachtaí breise a mhaoiniú. Tá na dámhachtainí, nach mó ná cúig iad, ar fáil do mhic léinn ar acmhainní teoranta ar as Contae Chiarraí iad, agus iad sin amháin. Deonaítear iad ar iarrthóirí cáilithe ar bhonn thorthaí a scrúdaithe poiblí agus maireann siad dhá bhliain.

Taighde ar an Luath-Óige

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo in 2005 chun tacú le croí-mhaoiniú a chur ar fáil agus chun Ollamh le Léann na Luath-Óige a cheapadh san Ionad Taighde ar an Luath-Óige.

Iona Technologies

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo i 1997 chun leithdháileadh bliantúil a chur ar fáil don Choiste Taighde chun tacú le gníomhaíocht taighde.

Cistí Dáimhe

Bunaíodh an dearlaic inídithe shrianta seo in 2009, chun tacú le croí-mhúinteoireacht agus taighde neamh-mhaoinithe a sholáthar.

Ciste Forbartha Caipitil Dearlaice

Bunaíodh an dearlaic bhuan shrianta seo chun sruth ioncaim bliantúil rialta a sholáthar a mbeadh ar fáil don Bhord chun mórghorbairtí caipitil san Ollscoil a éascú.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

21 Cúlchiste athluachála Comhdhlúite agus Ollscoil	2015 €'000	2014 €'000
Ag 1 Deireadh Fómhair	335,536	333,915
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta (Nóta 12)	6,789	1,621
Ag 30 Meán Fómhair	<u>342,325</u>	<u>335,536</u>

22 Réiteach gluaiseacht cúlchistí	Cúlchiste Ioncaim €'000	Cúlchiste Athluachála €'000	Iomlán €'000
COMHDHLÚITE			
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	(11,363)	335,536	324,173
Easnamh don bhliain airgeadais	(25,370)	-	(25,370)
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta (Nóta 12)	-	6,789	6,789
Ag 30 Meán Fómhair 2015	<u>(36,733)</u>	<u>342,325</u>	<u>305,592</u>
OLLSCOIL			
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	(23,619)	335,536	311,917
Easnamh don bhliain airgeadais	(23,193)	-	(23,193)
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta (Nóta 12)	-	6,789	6,789
Ag 30 Meán Fómhair 2015	<u>(46,812)</u>	<u>342,325</u>	<u>295,513</u>

23 Dlíteanais theagmhasacha

Tá slánaíochtaí tugtha ag an Ollscoil i ndáil le caiteachas áirithe a bheith cáilithe chun críocha liúntais chaipitil i maoiniú Áiteanna Cónaithe Botany Bay agus Halla na Tríonóide.

Tá baint ag an Ollscoil le roinnt caingne dlí a thagann chun cinn le linn gnáthchúrsaí gnó. Níltear ag súil le drochthionchar ábhartha ar bith ar staid airgeadais na hOllscoile mar thoradh ar réiteach deiridh ar na caingne dlí sin.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

24 Tiomantais	Comhdhlúite		Ollscoil	
	2015 €'000	2014 €'000	2015 €'000	2014 €'000
Tiomantais Chaipitil				
Conradh déanta ach gan curtha ar fáil fós	7,089	4,019	7,089	4,019
Údaraithe ach gan a bheith curtha amach ar conradh	8,447	12,275	8,447	12,275
	<u>15,536</u>	<u>16,294</u>	<u>15,536</u>	<u>16,294</u>

Tiomantais Eile

Maidir le hÁiteanna Cónaithe Mac Léinn Halla na Tríonóide, tá Coláiste na Tríonóide tiomanta d'íocaíocht airgeadais bhliantúil €2.22m a mhéadóidh ag 4% in aghaidh na bliana, ar feadh 33 bliain, a thosaigh in 2003/2004.

25 Réiteach barrachais oibríochta chuig glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	2015 €'000	2014 €'000
Easnamh don bhliain	(24,100)	(21,832)
Dímheas	26,610	28,554
Barrachas le haistriú chuig cistí dearlaice	(1,270)	(1,588)
Amúchadh deontas caipitil iarchurtha	(10,571)	(11,599)
(Ardú)/laghdú ar stoic	(172)	148
(Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe	(4,990)	4,138
Ardú ar chreidiúnaithe	42,130	3,882
Ús iníoctha	4,059	4,217
Ús faighte	(487)	(866)
Ioncam Dearlaice	(6,556)	(7,022)
Gnóthachan ar athluacháil maoine infheistíochta	(3,097)	(7,881)
Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta	<u>21,556</u>	<u>(9,849)</u>

26 Aischiur ar infheistíochtaí agus seirbhísí airgeadais	2015 €'000	2014 €'000
Ús faighte	487	866
Ús íoctha	(4,039)	(4,069)
Ioncam dearlaice faighte	6,556	7,022
Glan-insreabhadh airgid ó aischiur ar infheistíochtaí agus seirbhísí airgeadais	<u>3,004</u>	<u>3,819</u>

27 Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	2015 €'000	2014 €'000
Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe	(17,394)	(18,765)
Deontais caipitil faighte	2,992	8,645
Glan eis-sreabhadh airgid ó chaiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	<u>(14,402)</u>	<u>(10,120)</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

28	Acmhainní Leachtacha a Bhainistiú	2015 €'000	2014 €'000
	Gluaiseacht i dtaiscí gearrthéarmacha	(4,558)	(7,213)
	Gluaiseacht i dtaiscí gearrthéarmacha	(1,320)	-
	Glan-insreabhadh airgid ó acmhainní leachtacha a bhainistiú	(5,878)	(7,213)

29	Anailís ar athruithe ar ghlan-chistí	Ag 1 Deireadh Fómhair 2014 €'000	Sreabhadh airgid €'000	Athruithe Eile €'000	Ag 30 M. F. 2015 €'000
	Airgead Tirim	21,677	4,267	-	25,944
	Rótharraingt bainc	(518)	13	-	(505)
		21,159	4,280	-	25,439
	Acmhainní leachtacha	148,048	5,878	-	153,926
	Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais	(59,280)	-	(20)	(59,300)
	Banc	(75,000)	-	-	(75,000)
	Iomlán	34,927	10,158	(20)	45,065

Áirítear ar acmhainní leachtacha (a) taiscí bainc gearrthéarmacha a bhfuil tréimhsí aibíochta nó fógartha níos mó ná lá amháin €152.6m i gceist leo agus (b) infheistíochtaí gearrthéarmacha i gceistí infheistíochta bainistithe arna trádáil ar mhargadh gníomhach de €1.3m.

30 Páirtithe gaolmhara

Foghnóthais

Ghala Limited

Tógáil agus athchóiriú maoine na hOllscoile a príomhghníomhaíocht. Is leis an Ollscoil 100% de scairchaipiteal na cuideachta seo.

Meastar gur gnóthais fochuideachta den Ollscoil iad an trí eintiteas seo a leanas de réir shainmhíniú an SORP ar rialú. Is chun leasa na hOllscoile agus sin amháin a gcuid gníomhaíochtaí.

Fondúireacht Choláiste na Tríonóide

Iontaobhas Carthanachta a bunaíodh leis an gcuspóir cistí a bhailiú chun tacú le Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath a fhorbairt.

Ciste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath.

Bunaíodh Iontaobhas Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath i 1955 chun obair Chiste Dearlaice Oideachais Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath a mhéadú agus leanúint léi. Is é aidhm an Iontaobhais seo dearlaicí na hOllscoile a mhéadú agus deontais a dhéanamh leis an Ollscoil chun taighde nó oideachas a chur chun cinn sa chiall is leithne.

Cumann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath

Is ann don Chumann chun teagmhálacha a chothú idir a chomhaltaí agus Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath agus chun tacú leis an Ollscoil inter alia trí chuspóirí Iontaobhas Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath a chur chun cinn.

Cuireadh deireadh le hidirbhearta le fochuideachtaí na hOllscoile ar chomhdhlúthú.

Idirbhearta le páirtithe gaolmhara eile

Is cuideachta ghaolmhar teoranta í Institiúid Haughton. Is iad príomh-chuspóirí na hInstitiúide forbairt a éascú, i gcomhar le hospidéal, ar oideachas agus oiliúint iarchéime liachta chomh maithe le bainistíocht agus taighde. Tá leas 33.3% ag Coláiste na Tríonóide i scairchaipiteal Institiúid Haughton. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

30 Páirtithe gaolmhara (ar lean)

íocaíochtaí €106,569 (2013/14: €100,905) 100,905) le hInstitiúid Haughton agus fuair sé €53,358 (2013/14: €541,759) do sheirbhísí a cuireadh ar fáil d'Institiúid Haughton.

Ar bhonn neamhthuilleamaíoch a rinneadh na hidirbhearta go léir. Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, bhí suim de €7,835 (2013/14 €43,800) dlite d'Institiúid Haughton ó Choláiste na Tríonóide. B'ionann glan-sócmhainní Institiúid Haughton de réir na Ráiteas Airgeadais iniúchta amhail an 31 Nollaig 2014 agus €60,264 (2013: €313,423) agus b'ionann an t-easnamh don bhliain agus €253,159 (2013: €109,846).

Is cuideachta ghaolmhar faoi theorainn ráthaíochta, nach bhfuil scairchaipiteal aici agus atá cláraithe gan an focal "Teoranta" ina hainm é Molecular Medicine Ireland (MMI). Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta ná taighde ar bhunús mhóilíneacha do ghalair, oideachas d'iarchéimithe, oiliúint, taighde agus obair chomhairleach sna bitheolaíochtaí. Is comhalta de MMI é Coláiste na Tríonóide. I rith na tréimhse, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí de €202,855 (2013/14: €236,809) le MMI agus fuair sé €Nialas (2013/14: €3,000). Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, bhí méid de €Nialas (2013/14: €Nialas) dlite do MMI. Ar bhonn neamhthuilleamaíoch a rinneadh na hidirbhearta go léir. B'ionann glan-sócmhainní MMI de réir a Ráiteas Airgeadais amhail an 30 Meán Fómhair 2014 agus €Nialas (2013: €Nialas) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €Nialas (2013: €Nialas).

Tá an tlonad Náisiúnta um Thaighde Digiteach (NDRC) Teoranta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige. Is comhalta de NDRC Teoranta é Coláiste na Tríonóide. I rith na tréimhse, fuair Coláiste na Tríonóide €Nialas (2013/14: €Nialas). Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, bhí méid de €Nialas (2013/14: €Nialas) dlite ó NDRC Teoranta. B'ionann na glan-sócmhainní de réir a Ráiteas Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2014 agus €730,895 (2013: €730,895) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €Nialas (2013: €1,505).

Tá an Institiúid Náisiúnta um Thaighde & Oiliúint Bithphróiseála (NDRC) Teoranta faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aige. Is comhalta de NIBRT Teoranta é Coláiste na Tríonóide. Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, bhí méid de €Nialas (2013/14: €Nialas) dlite ó NIBRT Teoranta. B'ionann na glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014 agus €Nialas (2013: €Nialas) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €Nialas (2013: €Nialas).

Níl scairchaipiteal ag an Academy of Dramatic Art Limited (ar a dtugtar 'The Lir' freisin) de chuid Coláiste na Tríonóide agus tá sé teoranta trí ráthaíocht. Is páirtí leasmhar é The Lir mar go bhfuil dhá ionadaí Ollscoile ann as seacht gcomhalta iomlán an Bhoird. Is iad a phríomhghníomhaíochtaí Acadamh a bhunú agus a fheidhmiú do sholáthar seirbhísí oideachais, oiliúna agus taighde maidir le drámaíocht. Tá maoin (2,202 méadar cearnach) ar léas The Lir ón Ollscoil ar feadh 30 bliana ó 2021 ar aghaidh, ar cíós ainmniúil €10 in aghaidh na bliana. Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, bhí méid de €464,837 (2013/14: €490,838) dlite ó The Lir. Ba iad glan-dhliteanais The Lir de réir a nDréachtráitis Airgeadais amhail an 30 Meán Fómhair 2015 ná €289,259 (2014: €290,111) agus b'ionann an barrachas don bhliain agus €852 (2014: easnamh €24,782).

Níl scairchaipiteal ag an nGailearaí Idirnáisiúnta Eolaíochta (ar a dtugtar an 'SGI' freisin) agus tá sé teoranta trí ráthaíocht. Is páirtí leasmhar é SGI mar go bhfuil dhá ionadaí Ollscoile ann as seacht gcomhalta iomlán an Bhoird. Is é an príomhchuspóir lenar bunaíodh an Chuideachta ná oideachas a chur chun cinn trí chruthaitheacht agus fionnachtain a spreagadh tráth a dtagann ealaíon agus eolaíocht le chéile trí líonra idirnáisiúnta de ghníomhaíochtaí eolaíochta a fhorbairt lena n-áirítear taispeántais cuairte, ceardlanna oideachais, clár agus imeachtaí oiliúna. Amhail an 30 Meán Fómhair 2015, bhí méid de €81,562 (2014: €113,422) dlite ón SGI agus suim de €69,673 (2014 €66,905) dlite don SGI. Ba iad glan-dhliteanais SGI de réir cuntais bhainistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2015 ná €164,294 (2014: €72,503) agus b'ionann an brabús don bhliain agus €91,791 (2014: €9,715).

Is cuideachta teoranta de Ghailearaí Dhubhghlas de hÍde faoi theorainn ráthaíochta agus níl scairchaipiteal aici. Is iad príomh-chuspóirí na cuideachta ná staidéar ar na mínealaíona a chur chun cinn agus tuiscint orthu a chothú, ionad buan do thaispeántais saothar ealaíne a chothabháil agus taighde, imscrúdú agus saothair thurgnamhacha a dhéanamh sna healaíona. Is páirtí gaolmhar é Gailearaí Dhubhghlas de hÍde toisc ceathrar as ochtar de chomhaltaí an bhoird a bheith ceaptha ag Coláiste na Tríonóide. I rith na bliana airgeadais go dtí an 31 Nollaig, 2014, rinne Coláiste na Tríonóide íocaíochtaí €46,815 (2013: €45,431) do Ghailearaí Dhubhghlas de hÍde agus fuair íocaíochta €38,870 (2013: €45,431) i leith cíosa agus costas eile a bhaineann le spás oifige agus taispeántas a sholáthar san Ollscoil. Amhail an 30 Nollaig 2015, bhí méid de €Nialas (2013: €Nialas) dlite ó Ghailearaí Dhubhghlas de hÍde. B'ionann na glan-sócmhainní Ghailearaí Dhubhghlas De hÍde amhail an 31 Nollaig 2014 agus €85,145 (2013: €119,575) agus b'ionann an t-easnamh don bhliain agus €34,430 (2013: €43,972).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

31 Sochair Scoir

a) Scéim phinsin ranníocaíochtaí sainithe

Oibríonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide scéim ranníocaíochta shainithe de réir na brí in Acht na bPinsean 1990. Plean Réitigh Scoir Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide a thugtar uirthi. Thosaigh an scéim an 1 Feabhra 1999. Is ionann an muirear pinsin don tréimhse agus ranníocaíochtaí atá le híoc ag Fondúireacht Choláiste na Tríonóide leis an scéim agus b'ionann sin agus €0.150 milliún (2014: €0.159 milliún).

b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe

i) *Cúlra*

Bhí na socrúithe sochair shainithe seo a leanas ar bun ag an Ollscoil i rith na bliana:

- Máistirscéim Pinsin
- An Scéim Eiseamláireach
- Forlíonadh Pinsin
- Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair

Máistirscéim

Sular tharla na hathruithe thíosluaite, rinne an Ollscoil maoiniú ar Mháistirscéim Pinsin, a bhí comhdhéanta de scéim phinsin agus de scéim ioncaim míchumais fadtréimhseach, ag feidhmiú faoi Ghníomhas Lontaobhais. Soláthraíonn an Mháistirscéim Pinsin teidlíochtaí pinsin fhostaithe áirithe, atá bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a chinntítear ag ranníocaíochtaí ón Ollscoil agus ó na fostaíthe. Bíonn an Mháistirscéim Pinsin seo i bhfeidhm le fostaíthe inphinsin a ceapadh roimh 31 Eanáir 2005 agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua a chuaigh i mbun fostaíochta leis an Ollscoil an 1 Feabhra 2005 nó ina dhiaidh sin. In 2009, achtaíodh reachtaíocht áirithe (féach tuilleadh mionsonraí thíos) le soláthar a dhéanamh do shócmhainní na scéime seo a aistriú chuig Cúlchiste Náisiúnta Pinsin an Stáit, agus le go dtabharfadh an Stát ráthaíocht go n-íocfadh sé teidlíochtaí pinsin comhaltaí ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Cuireadh teorainn de 15% den tuarastal inphinsin ar ranníocaíocht na hOllscoile de bharr srianadh ar leibhéal ráta ranníocaíochta na hOllscoile a chuir an HEA i bhfeidhm.

An Scéim Eiseamláireach

Bunaíodh an Scéim Eiseamláireach in 2005, tar éis faomhadh a fháil ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Cé go bhfeidhmíonn an scéim faoi shraith rialacha aontaithe, níor cuireadh bunú na scéime ar bhonn foirmiúil faoi reacht nó faoi théarmaí Ghníomhais Lontaobhais. Tá d'oibleagáid ar an Ollscoil, áfach, ag an HEA sochair phinsin a sholáthar faoi rialacha na scéime do dhaoine nua ar an bhfoireann a cheapar ó 1 Feabhra 2005. Is socrú pinsin sochair shainithe neamh-mhaoinithe é seo a íoctar ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-mhaoiniú na hOllscoile.

Forlíonadh Pinsin

Baineann seo le méaduithe pinsin iarscoir do gach ball foirne nach maoinítear iad agus a íoctar ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-dheontas atarlaithe na hOllscoile ón HEA.

Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair

Bíonn Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm le gach ball foirne nua a théann isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Is scéim shochair shainithe í agus tá cuntas déanta ag an Ollscoil dá sciár measta d'oibleagáidí shochair shainithe na scéime seo de réir FRS17. Íoctar gach ranníocaíocht pinsin fostaíthe don Scéim Aonair le cuntas pinsin stáit. Oibríonn an scéim seo ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-mhaoiniú na hOllscoile.

Athruithe bunúsacha ar shocrúithe pinsin

Tugadh cainteanna leantacha thar roinnt blianta idir na hOllscoileanna, an HEA agus an Rialtas i ndáil le socrúithe pinsin athbheithnithe san fhadtárma a easraíonn as an staid easnaimh i roinnt scéimeanna pinsin de chuid na hOllscoile chun críche in 2009 agus tugadh athruithe reachtúla móra isteach i bhfoirm an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

31 Sochair Scoir (ar lean)

b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (ar lean)

i) Cúlra (ar lean)

Achtaíodh an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 an 26 Meitheamh 2009 agus áiríodh ann, i ndáil le Máistirscéim Pinsin ana hOllscoile, soláthairtí áirithe, tar éis Ordú Aistrithe ón Aire Airgeadais agus ón Aire Oideachais, le haghaidh sócmhainní na Máistirscéime Pinsin a aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin agus le haghaidh fócaíocht leanúnach sochar a bhí le híoc cheana ón Máistirscéim Pinsin.

Cuireadh an t-ordú aistrithe don Máistirscéim Pinsin i gcrích an 31 Nollaig 2009 agus mar a foráladh sa reachtaíocht:

- cuireadh deireadh leis an iontaobhas a bhí ann agus tháinig deireadh le héifeacht an ghníomhais iontaobhais;
- aistríodh na sócmhainní pinsin go léir go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin;
- Leanann an Ollscoil agus gach ball ag íoc an ráta céanna a íocadh roimhe seo, agus íoctar na ranníocaíochtaí seo chun sochair an Státhiste nó iad a dhiúscairt chun sochair an Státhiste;
- tá an oibleagáid maidir le sochair a íoc de réir na scéime pinsin fós mar oibleagáid ar an Ollscoil maidir leis an scéim seo;
- má bhíonn na ranníocaíochtaí comhiomlána a d'íoc baill agus fostaithe nó atá á gcoinneáil thuas neamhleordhóthanach chun oibleagáidí na hOllscoile a chomhlíonadh maidir leis na sochair sin a íoc de réir na Scéime, cúiteoidh an tAire Airgeadais an t-easnamh trí fócaíochtaí a dhéanamh leis an Ollscoil ó chiste arna gcur ar fáil ag an Oireachtas chun na críche sin. Mar sin, tugann an Stát ráthaíocht go ndéanfar oibleagáidí pinsin na Máistirscéime Pinsin a íoc agus go n-íocfar iad ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Is é tuairim na hOllscoile gurbh ionann cainteanna a tionóladh idir an earnáil, an HEA agus an rialtas sular tugadh an reachtaíocht chumasúcháin isteach agus dearbhuithe go dtabharfadh an Stát ráthaíocht faoi gach dliteanas pinsin de chuid na hOllscoile, i.e. na dliteanas sin a bhaineann leis an Máistirscéim Pinsin agus le socruithe pinsin shochair shainithe eile atá ar bun ag an Ollscoil.

Cé go mbaineann an reachtaíocht thuas a achtaíodh i rith 2009 go sonrach leis an Máistirscéim Pinsin, cuireadh comhairle ar an Ollscoil go mbeadh an Stát ag freastal ar dhliteanas phinsin amach anseo don Scéim Shamplach agus don Forlíonadh Pinsin ar bhonn íoc mar a thuilltear. Tugann an Stát ráthaíocht go n-íocfar dliteanas na hOllscoile faoi Acht Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair ag an Stát faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Mar thoradh air sin rinne an Ollscoil an glan-easnamh sna scéimeanna pinsin shochair shainithe a fhritháireamh go hiomlán, le sócmhainn infhaighte pinsin dlite ón Stát á haithint ar an gclár comhardaithe atá comhionann leis an nglan-dliteanas pinsin.

ii) Achoimre ar an staid ag deireadh na bliana

		2015 €'000	2014 €'000
Comhdhlúite agus Ollscoil			
Dliteanas pinsin – FRS 17	Cuid (iii) thíos	(1,395,218)	(1,423,616)
Pinsean infhaighte	Cuid (iv) thíos	1,395,218	1,423,616
		-	-
Anailís ar dhliteanas pinsin – FRS 17		2015 €'000	2014 €'000
Máistirscéim Pinsin		(929,966)	(944,335)
Scéim Eiseamláireach agus Forlíonadh Pinsin		(459,406)	(476,576)
Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair		(5,846)	(2,705)
Luach reatha na n-oibleagáidí neamh-mhaoinithe		(1,395,218)	(1,423,616)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

31 Sochair Scoir (ar lean)

b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (*ar lean*)iii) *Glan-dliteanas pinsin – FRS 17*

Tá luacháil oibleagáidí sochair shainithe na hOllscoile chun críche nochtuithe FRS 17 déanta ag achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil amhail dáta an chláir chomhardaithe.

Mar seo a leanas a bhí na boinn tuisceana a d'úsáid na hachtúirí chun na dliteanais a luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2015 agus an 30 Meán Fómhair 2014:

Boinn tuisceana airgeadais	30 Meán Fómhair 2015	30 Meán Fómhair 2014
Modh Luachála	Aonad Fortheilgthe	Aonad Fortheilgthe
Ráta lascaine	2.70%	2.60%
Ráta boilscithe	1.60%	1.75%
Arduithe ar thuarastal	3.10%	3.25%
Forlíonadh pinsin	2.10%	2.25%

Tá an ráta lascaine 2.70% bunaithe ar innéacs Cuair Toraidh Mercer le haghaidh bannaí corparáideacha ardchaighdeán, mar is cuí fad a mhairfidh dliteanais na scéime.

Tá na boinn tuisceana a bhaineann le fad saoil atá mar bhonn taca do na dliteanais phinsin ag dáta an chláir chomhardaithe bunaithe ar tháblaí básmhairéachta achtúireacha caighdeánacha agus ceadaíonn siad d'fheabhsúcháin ar fhad saoil amach anseo. Is ionann na boinn tuisceana agus a bheith ag súil go mairfidh duine 65 bliain d'aois roinnt blianta mar seo a leanas:

Básmhairsíocht	30 Meán Fómhair 2015	30 Meán Fómhair 2014
Comhalta 65 bliain d'aois (ionchas saoil faoi láthair)	22.8	23.5
Comhalta 40 bliain d'aois (ionchas saoil ag 65 bliain d'aois)	25.6	26.5

Athrú ar oibleagáidí sochair	2015 €'000	2014 €'000
Oibleagáidí sochair ag tús na bliana	1,423,616	1,179,497
Costas seirbhíse	50,901	39,366
Costas Úis	37,973	45,228
Ranníocaíochtaí chomhaltaí an phlean (Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha	2,290	2,407
	(87,268)	187,178
Sochair íoctha	(32,005)	(29,763)
Costais íoctha	(289)	(297)
Oibleagáidí sochair ag deireadh na bliana	1,395,218	1,423,616

Níl aon sócmhainní plean do na socruithe pinsin neamh-mhaoinithe sin.

B'ionann ranníocaíochtaí an fhostóra don bhliain airgeadais 2016 agus €25.3m. B'ionann ranníocaíochtaí an fhostóra don bhliain airgeadais 2015 agus €24.8m (Féach cuid (iv)).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

31 Sochair Scoir (ar lean)

Nótaí

b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (ar lean)

iii) Glan-dliteanas pinsin – FRS 17 (ar lean)

	2015 €'000	2014 €'000
Costas aitheanta sa chuntas ioncaim agus caiteachais roimh ghluaiseacht ar phinsean infhaighte		
Anailís ar an méid arna ghearradh ar chostais foirne eile		
Ús ar dhliteanas phinsin	37,973	45,228
5	37,973	45,228
Anailís ar an méid arna ghearradh ar chostais foirne		
Costas seirbhíse reatha	50,901	39,366
7	50,901	39,366
Costas pinsin iomlán aitheanta sa chuntas ioncaim agus caiteachais roimh ghluaiseacht ar phinsean infhaighte	88,874	84,594
Méid carnach (caillteanas)/gnóthachan achtúireach a aithnítear láithreach roimh ghluaiseacht ar phinsean infhaighte	2015 €'000	2014 €'000
Ag tús na bliana	(236,021)	(48,843)
An méid aitheanta sa ráiteas comhdhlúite ar ghnóthachain/(caillteanas) aitheanta iomlána		
Gnóthachain ar dhliteanas ó thaithí	7,103	37,207
Athruithe ar bhoinn tuisceana	80,165	(224,385)
Gnóthachain/(Caillteanas) aitheanta san STRGL roimh ghluaiseacht ar phinsean infhaighte	87,268	(187,178)
Ag deireadh na bliana	(148,753)	(236,021)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

31 Sochair Scoir (ar lean)

b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (ar lean)

iii) Glan-dlíteanas pinsin – FRS 17 (ar lean)

Stair ghnóthachain agus caillteanais ó thaithí	2015 €'000	2014 €'000	2013 €'000	2012 €'000	2011 €'000
Difríocht idir aischur iarbhír agus aischur ionchais ar shócmhainní na scéime	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a
Céatadán shócmhainní na scéime (luach cóir)	n/a	n/a	n/a	n/a	n/a
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhlíteanais na scéime	7,103	37,207	71,890	37,166	43,704
Céatadán de dhlíteanais scéime (luach reatha)	0.5%	2.6%	6.1%	3.3%	4.9%
Gnóthachain agus caillteanais achtúireacha iomlána	87,268	(187,178)	16,213	(194,974)	118,185
Céatadán de dhlíteanais scéime (luach reatha)	6.3%	13.1%	1.4%	(17.1%)	13.2%
Stair easnaimh na scéime	2015 €'000	2014 €'000	2013 €'000	2012 €'000	2011 €'000
Luach cóir shócmhainní na scéime	-	-	-	-	-
Luach reatha dhlíteanais na scéime	(1,395,218)	(1,423,616)	(1,179,497)	(1,139,996)	(895,407)
Easnamh i scéimeanna	(1,395,218)	(1,423,616)	(1,179,497)	(1,139,996)	(895,407)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - ar lean

31 Sochair Scoir (ar lean)	2015 €'000	2014 €'000
----------------------------	---------------	---------------

b) Scéimeanna pinsin shochair shainithe (*ar lean*)

iv) Pinsean infhaighte – dlite ón Stát

Pinsean infhaighte ag tús na bliana	1,423,616	1,179,497
Gluaiseacht san áireamh in ioncam airgeadais eile – Nóta 5	37,973	45,228
Gluaiseacht san áireamh i gcostais foirne – Nóta 7	26,099	15,862
Gluaiseacht san áireamh sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána:	(87,268)	187,178
Ranníocaíochtaí ón bhfostóir	24,802	23,504
Ranníocaíochtaí ó chomhaltaí	2,290	2,407
Sochair íoctha ón bplean	(32,005)	(29,763)
Costais íoctha	(289)	(297)
Pinsean infhaighte ag deireadh na bliana	1,395,218	1,423,616

32 Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

An 1 Dheireadh Fómhair 2015 tharraing an Ollscoil anuas saoráid iasachta €70 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, inaisíoctha thar 30 bliain, gan ús i gceist ach amháin leis an gcéad 5 bliana, ag ráta seasta de 1.904% in aghaidh na bliana. Tá an chéad tráthchuid aisíocaíochta dlite in 2021.

Níor tharla aon imeachtaí móra eile tar éis dháta an chlár chomhardaithe ó tháinig deireadh leis an mbliain an 30 Meán Fómhair 2015 a éilíonn coigeartú ar na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite ná a éilíonn nóta a chur leo.

33 Na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite a cheadú

Cheadaigh Bord na hOllscoile na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite an 23 Márta 2016.



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin

Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

RÁITIS MHAOINIÚCHÁIN

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2015

Ráiteas Freagrachta maidir leis na Ráitis Mhaoiniúcháin

Éilítear ar Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath, (“an Ollscoil”) cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus gach cuntas ceart agus gnáth a choimeád i bhfoirm a fhéadfaidh An tÚdarás a cheadú maidir le hairgead a fhaightear agus a chaitear. Faoi na freagrachtaí sin éilítear ar an Ollscoil Ráitis Mhaoiniúcháin a ullmhú de réir an Chomhaontaithe maidir le Comhchuíbhiú ar Chuntais a ghlacann Ollscoileanna na hÉireann ar fad. Agus na Ráitis Mhaoiniúcháin á n-ullmhú, ceanglaítear mar a leanas ar an Ollscoil:

- beartais chuntasafóchta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;
- na Ráitis Mhaoiniúcháin a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh sin mura bhfuil sé mí-oiriúnach sin a dhéanamh.

Tá an Ollscoil freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na hOllscoile agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais chomhdhlúite Acht na nOllscoileanna. Tá an Ollscoil freagrach freisin as na sócmhainní uile faoina rialú oibríochta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann Choláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath,
Ollscoil Átha Cliath

Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóchta

Ráitis Mhaoiniúcháin

Léiríonn na Ráitis Mhaoiniúcháin gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus gníomhaíochtaí gaolmhara na hOllscoile. Déantar Ráitis Airgeadais do Chistí Pinsin Choláiste na Tríonóide, do Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide, do Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide agus do ghníomhaíochtaí coimhdeacha a bhíonn neamhspleách ó thaobh airgid de, a ullmhú ar bhonn bliantúil agus a iniúchadh astu féin.

An Coinbhinsiún Cuntasafóchta

Ullmhaítear na Ráitis Mhaoiniúcháin faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mionathrú chun athluacháil sócmhainní seasta a chur san áireamh. Cuirtear i láthair iad de réir an chomhaontaithe reatha Armónú Cuntas arna ghlacadh ag gach Ollscoil Éireannach.

Níl an comhaontú Armónú Cuntas ag teacht le prionsabail chuntasafóchta a nglactar leo go ginearálta (GAAP). Déantar Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015 a ullmhú ar leithligh ar bhonn comhdhlúite agus de réir caighdeán cuntasafóchta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus leis an Ráiteas Cleachtais Molta ('SORP') - Cuntasafócht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais (2007), arna eisiúint ag an mBord SORP HE/FE sa Ríocht Aontaithe. Is iad na caighdeáin chuntasafóchta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráiteas airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsíú ag an Institiúid Cuntasóirí Cairte agus arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais.

Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe

Tá Deontais Stáit do chaiteachas atarlaithe san áireamh sna Ráitis Mhaoiniúcháin ar bhonn fabhrúithe. Déantar deontais atarlaithe a mheaitseáil leis an gcaiteachas dá bhfuil siad beartaithe a mhaoiniú. Tá Deontais Forlíontacha Stáit do chaiteachas atarlaithe san áireamh sna Ráitis Mhaoiniúcháin sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Deontais Stáit do Chaiteachas Caipitil

Tá Deontais Stáit do chaiteachas atarlaithe san áireamh sna Ráitis Mhaoiniúcháin sa tréimhse ina bhfaightear an t-airgead.

Ioncam ó Tháillí

Tugtar cuntas ar Ioncam ó Tháillí ar bhonn fabhrúithe.

Leithroinntí Ceadaithe

Ullmhaítear an cuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn fabhrúithe leis na heisceachtaí seo a leanas:

i) caiteachas neamh-phá de chuid Dámha Acadúla agus ranna seirbhísí áirithe;

ii) trealamh atarlaithe agus mionoibreacha.

Sna cásanna seo, áirítear caiteachas ar bhonn leithroinntí ceadaithe agus tugtar iarmhéideanna inmheánacha chun cinn sa Chlár Comhardaithe faoi shócmhainní nó dliteanais reatha, de réir mar is cuí.

Sócmhainní Seasta agus Dímheas

(a) Talamh agus Foirgnimh

Déantar foirgnimh na hOllscoile a luacháil ar bhonn úsáid reatha. Rinneadh an talamh a luacháil ag €126,974 in aghaidh an acra agus rinneadh na foirgnimh a luacháil ag an gcostas caighdeánach €2,413 in aghaidh gach méadar cearnach. Rinne Bord na hOllscoile athluacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh i 1998.

Ní dhímheastar talamh ruilse. Dímheastar foirgnimh stairiúla thar a saol eacnamaíoch úsáideach measta don Ollscoil in imeacht 80 bliain; dímheastar foirgnimh eile thar 50 bliain, ach amháin sa chás go gcoinnítear iad faoi léasanna airgeadais ina ndéantar iad a dímheas thar théarma an léasa.

Nuair a fhaightear talamh agus foirgnimh le cabhair ó dheontais shainiúla déantar iad a chaipitliú agus a dhímheas mar atá thuas.

Déantar costais airgeadais, a bhíonn inchurtha go díreach le fáil talún agus le tógáil foirgneamh, a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin. Chun críocha na Ráiteas Mhaoiniúcháin déantar ús barúlach a léiríonn deischoistais úis ar thaisc arna scaoileadh ag an Ollscoil a chaipitliú chomh maith.

Déantar athbhreithniú ar lagú sócmhainne seasta má léiríonn imeachtaí nó athruithe in imthosca go bhféadfadh sé tarlú nach mbeadh méid carraeireachta na sócmhainne seasta inaisghabhála.

Déantar foirgnimh faoi thógáil a chuntasú ag costas, bunaithe ar luach theastas na n-ailtirí agus costais dhíreacha eile a thabhaítear chuig deireadh na bliana airgeadais. Ní dhímheastar iad go dtí go dtosaítear á n-úsáid.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóichta (ar lean..)

(a) Talamh agus Foirgnimh - ar lean

Bhreithnigh an Ollscoil feidhmiú an FRS 5: "Substaint na n-ídirbheart a Thuairisciú" maidir le sócmhainní áirithe a úsáideann an Ollscoil nuair a léireodh foirm dlí an idirbhirt nach bhfuil cuid de na sócmhainní faoi úinéireacht na gOllscoile ná iad ar fad. Léirítear substaint airgeadais an idirbhirt sna Ráitis Mhaoiniúcháin agus dá réir sin tá luach iomlán na sócmhainní sin, glan ar dhímheas, san áireamh sna sócmhainní seasta.

(b) Trealamh

Ní dhéantar trealamh lena mbaineann costas níos lú ná €10,000 a chaipitliú. Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ag costas. Dímheastar trealamh caipitilithe thar a saol eacnamaíoch úsáideach ar bhonn na líne díri mar seo a leanas:

Sócmhainní ar Léas	20 bliain nó príomhthréimhse léasa, más níos giorra
Trealamh ríomhaireachta	3 bliana
Troscán	10 bliana
Trealamh	5 bliana
Bogearraí Ríomhaireachta	5 bliana

Sa chás go bhfaightear trealamh le cúnamh ó dheontais faoi leith, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuasluaite.

Sócmhainní Léasaithe

Caitear le comhaontuithe léasaithe a aistríonn na sochair agus na rioscaí ar fad a bhaineann le húnéireacht na sócmhainne chuig an Ollscoil mar shócmhainn a ceannaíodh amach ar fad. Bíonn na sócmhainní sin san áireamh sna sócmhainní seasta agus léirítear an ghné chaipitil de na tiomantais léasaithe mar oibleagáidí faoi léasanna airgeadais. Dímheastar sócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais a dhímheas thar an téarma ar léas nó thar shaol úsáideach eacnamaíoch shócmhainní comhionanna, cibé acu is lú.

Gearrtar costais chiosa faoi léasanna oibríochta do chaiteachas i méideanna comhionann bliantúla thar thréimhse an léasa.

Sócmhainní Oidhreacht

Sealbhaíonn agus coinníonn an Ollscoil sócmhainní oidhreacht ar leith ar nós pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní nach féidir luach a chur orthu. Caomhnaíonn an Ollscoil na sócmhainní seo ar mhaithe le taighde agus teagasc agus ar mhaithe le hidirghníomhú idir an Ollscoil agus an pobal. Ní dhéantar sócmhainní oidhreacht a chaipitliú sna Ráitis Airgeadais. Ní bhreithnítear nach féidir aon fhíor-luach a leagan ar fhorhóir na sócmhainní sin de

bharr easpa eolais a bheith ann ar an gcostas a bhain lena gceannach an chéad uair agus de bharr nach féidir na sócmhainní seo a réadú go réidh. Tá gach costas a tabhaíodh maidir lena gcaomhnú tugtha de réir mar a tabhaíodh iad.

Maoine infheistíochta

Luaitear maoine infheistíochta ar luach an mhargaidh oscailte, de réir SSAP 19. Déanann luachálaithe gairmiúla neamhspleácha tríú páirtí nó an Ollscoil athluacháil ar mhaoin infheistíochta gach bliain agus ní dhéantar í a dhímheas nó a amúchadh. Léirítear gach gluaiseacht i luach sa chúlchiste ginearálta.

Deontais agus Tionscadail Thaighde

Léirítear caiteachas taighde conartha glan ón ranníocaíocht le costais indíreacha. Áirítear ioncam ó dheontais thaighde ar conradh sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa mhéid is a bhíonn an t-ioncam sin inaisghabhála. Áirítear an méid a chuireann taighde conartha le costais indíreacha na hOllscoile in ioncam Eile. Déantar sócmhainní seasta arna maoiniú ó dheontais thaighde ar conradh a chaipitliú sa chlár comhardaithe.

Cistí Airgid agus Leachtacha

Chun críocha an ráitis ar an sreabhadh airgid, áirítear ar acmhainní leachtacha cuntais taisce a bhfuil tréimhsí fógartha níos mó ná lá amháin acu agus infheistíochtaí sócmhainní reatha arna sealbhú mar stór luacha is féidir a dhiúscairt go héasca. Airgead ar láimh agus taiscí atá inaisíochta ar éileamh atá san airgead tirim.

Airgeadra Coigríche

Déantar idirbhearta a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche a aistriú ag na rátaí malartaithe ar na dátaí sin a tharla na hidirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche go Euro ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm amháin an dáta ar an gclár comhardaithe. Déileáiltear leis na brabús nó caillteanais a bhíonn mar thoradh orthu sin sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Stoic

Luaitear stoic ag a gcostas nó ag a nglan-luach inréadaithe, cibé acu is lú. Nuair is gá leis, déantar soláthar do stoc críon, a bhíonn ag gluaiseacht go mall nó a bhíonn lochtach. Gearrtar caiteachas a thabhaíonn an Ollscoil ar leabhair agus ar stoic inchaite ó dheontais atarlaithe chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais.

Cánachas

Níl aon soláthar déanta do chánachas mar go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasafóichta (ar lean..)

Sochair Scoir

Baineann Máistirscéim Pinsean le gach ball foirne nua a ceapadh roimh 1 Eanáir 2005 agus feidhmítear í ar bhonn íoc mar a thuilltear (féach nóta 27).

Baineann Scéim Eiseamláireach Pinsin neamh-mhaoinithe le gach ball foirne nua a cheapar ón 1 Eanáir 2005 go dtí 31 Nollaig 2012 agus feidhmítear í ar bhonn íoc mar a thuilltear.

Ar bhonn íoctar mar a úsáidtear a mhaoinithe arduithe pinsin iar-scoir (fóirdheontas pinsin) do gach ball foirne ar scor.

Bíonn Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm le gach ball foirne nua a chuaigh isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Is scéim shochair shainithe í. Íoctar gach ranníocaíocht pinsin fostaithe don Scéim Aonair le cuntas pinsin Stáit. Oibríonn an scéim seo ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-mhaoiniú na hOllscoile.

Déanann an Ollscoil costais phinsin a chuntasú sna Ráitis Mhaoiniúcháin ar bhonn an chostais ábhartha a bhaineann le pinsin a sholáthar a ghearradh thar na tréimhse ina mbaineann an Ollscoil leas as seirbhísí an fhostaí, suas go dtí an uas-ranníocaíocht ceadaithe ag an HEA.

Áirítear sna Ráitis Mhaoiniúcháin sócmhainn / (dliteanas) glan ar phinsean - an difear idir méideanna arna maoiniú ag an HEA do phinsin agus méideanna a d'íoc an Ollscoil i dtreo pinsean (féach nóta 21).

Cúlchiste Ginearálta

Léiríonn an Cúlchiste Ginearálta luach an mhaoinithe a fheidhmítear chun críocha caipitil mar aon leis an iarmhéid ar ghníomhaíochtaí seirbhísí coimhdeacha. Léirítear na hathruithe uile i luachanna sócmhainní seasta agus deontais ghaolmhara sa chúlchiste ginearálta.

Seirbhísí Coimhdeacha

Is éard atá i Seirbhísí Coimhdeacha seirbhísí a chuirtear ar fáil ar an gcampas, ar bhonn aisghabhála costais, nach mbaineann leis na gníomhaíochtaí teagaisc ná taighde. Úsáidtear aon bharrachas ar na seirbhísí sin chun obair fhorbartha a dhéanfar amach anseo a mhaoiniú. Aistrítear an glan-aschur ar ghníomhaíochtaí mar sin chuig an gcúlchiste ginearálta.

Ioncam Cíosa

Léirítear ioncam cíosa ó mhaoine infheistíochta sa chuntas ioncaim agus caiteachais sna Ráitis Mhaoiniúcháin nuair a aithnítear gur úsáideadh é chun príomhghníomhaíochtaí athfhillteacha a mhaoiniú. Ní áirítear ioncam cíosa a aithnítear a úsáidtear chun tionscadail chaipitil reatha ná amach anseo a mhaoiniú sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus ina áit sin léirítear é sa chúlchiste ginearálta.

Ús

Léirítear ús saothraithe / iníoctha ar phríomhghníomhaíochtaí bainteacha sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Léirítear ús eile a úsáidtear chun tionscadail chaipitil reatha agus amach anseo a mhaoiniú sa chúlchiste ginearálta.

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Ioncam			
Deontais Stáit	1	44,362	47,781
Táillí Mac Léinn	2	126,452	122,235
Ioncam Eile	3	33,856	30,437
		204,670	200,453
Deontais agus Tionscadail Thaighde	4	72,742	71,729
Iomlán		277,412	272,182
Caiteachas			
Dámha Acadúla	5	117,306	117,810
Seirbhísí Acadúla agus Eile	6	20,617	20,152
Áitreabh	7	26,582	27,975
Méid Leithroinnte chun Críocha Caipitil	8	500	501
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	9	12,704	12,751
Caiteachas Oideachais Ginearálta	10	9,805	9,413
Seirbhísí do Mhic Léinn	11	4,911	5,021
Caiteachas Ilghnéitheach	12	10,578	8,837
Seirbhísí Acadúla agus Eile	13	203,003	202,460
Deontais agus Tionscadail Thaighde	13	72,742	71,729
Iomlán	13	275,745	274,189
Barrachas/(Easnamh) ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímhéas Sócmhainní Seasta		1,667	(2,007)
Easnamh ar Sheirbhísí Coimhdeacha	14	(104)	(28)
Dímhéas Sócmhainní Seasta	15	(26,577)	(24,081)
Aistriú ón gCúlchiste Ginearálta	16	26,681	24,109
Glanbarrachas/(easnamh) don bhliain	24	1,667	(2,007)

Tá an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta (leathanaigh 45 go 47) agus na Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (leathanaigh 51 go 61) mar chuid de na Ráitis Mhaoiniúcháin seo.

AN DR PATRICK
PRENDERGAST
PROFAST

IAN MATHEWS
PRÍOMHOIFIGEACH
AIRGEADAIS

An Clár Comhardaithe*Ag 30 Meán Fómhair 2015*

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	17	756,467	765,669
Maoine infheistíochta	18	56,255	46,369
		812,722	812,038
Sócmhainní Reatha			
Iarmhéideanna bainc agus airgid		153,432	145,946
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	19	69,028	55,414
Stoic		460	287
		222,920	201,647
Dlíteanais Reatha			
Creidiúnaithe agus caiteachas fabhráithe	20	(241,327)	(205,412)
Iarmhéideanna bainc		(504)	(518)
		(241,831)	(205,930)
Glan Dlíteanais Reatha		(18,911)	(4,283)
Dlíteanais Fadtéarmacha			
Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin	22	(134,300)	(134,280)
		659,511	673,475
Arna léiriú ag:			
Cúlchiste ginearálta	23	659,361	674,992
Cúlchiste ioncaim	24	150	(1,517)
		659,511	673,475

Tá an Ráiteas ar na Beartais Chuntasaíochta (leathanaigh 45 go 47) agus na Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (leathanaigh 51 go 61) mar chuid de na Ráitis Mhaoiniúcháin seo.

AN DR PATRICK
PRENDERGAST
PROFAST

IAN MATHEWS
PRÍOMHOIFIGEACH
AIRGEADAIS

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015

	Nótaí	2015 €'000	2014 €'000
Glan Insreabhadh/(eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta	25	23,320	(12,495)
Aischiú ar Infheistíocht agus Seirbhísí Airgeadais			
Ús infhaighte (glan)		371	428
Caiteachas Caipitil			
Ceannach sócmhainní seasta		(17,375)	(18,758)
Glan-Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) Airgid roimh Bhainistiú Acmhainní Leachtaithe agus Maoiniú		6,316	(30,825)
Acmhainní Leachtacha a Bhainistiú		(4,437)	(7,333)
Airgeadú			
Fáltais Chaipitil		1,185	12,334
Maoiniú Iomlán		1,185	12,334
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim sa bhliain	25	3,063	(25,824)
Réiteach Sreabhadh Airgid Thirim le Gluaiseacht Glan-chistí	25		
Glan-chistí ag tús na bliana		11,148	29,787
Glan-chistí ag deireadh na bliana		18,628	11,148
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) Cistí		7,480	(18,639)
Arna léiriú ag:			
Méadú/(Laghdú) ar airgead tirim sa bhliain		3,063	(25,824)
Ardú ar acmhainní leachtacha		4,437	7,333
Gluaiseacht i nGlanfhiacha mar Thoradh ar Shreabhadh Airgid		7,500	(18,491)
Gluaiseacht i léasanna airgeadais		(20)	(148)
		7,480	(18,639)

Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin

1. Deontais Stáit	2015 €'000	2014 €'000
Deontas Atarlaithe	41,116	44,271
Altranais	3,100	3,358
Mionoibreacha	146	152
	<u>44,362</u>	<u>47,781</u>

2. Táillí Mac Léinn	2015 €'000	2014 €'000
Acadúil	124,593	120,523
Ioncam Ilghnéitheach ó tháillí	1,859	1,712
	<u>126,452</u>	<u>122,235</u>

Íocadh iomlán de €39,511,725 (2014: €41,620,521) a áiríodh san ioncam ó tháillí acadúla go díreach ag an HEA. Áirítear air sin táillí altranais de €3,966,138 (2014: €4,329,640).

3. Ioncam Eile	2015 €'000	2014 €'000
Ús infhaighte (glan)	371	428
Poist agus deonacháin mhaoinithe*	3,002	3,083
Ranníocaíocht deontas agus tionscadal taighde	14,281	13,391
Ioncam Ilghnéitheach*	16,202	13,535
	<u>33,856</u>	<u>30,437</u>

*Áirítear ar phoist mhaoinithe ranníocaíocht €2.3m ó sheirbhísí Coimhdeacha in 2015 (2014: €2.2m). Áirítear ar ioncam ilghnéitheach ranníocaíocht €9.7m ó sheirbhísí Coimhdeacha in 2015 agus €6.9m in 2014 (féach Nóta 14)

4. Deontais agus Tionscadail Thaighde	2015 €'000	2014 €'000
Státchiste	46,945	47,054
Neamh-Státchiste	25,797	24,675
Deontais thaighde	<u>72,742</u>	<u>71,729</u>

Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (ar lean)

5. Dámha Acadúla	Costais Foirne €'000	Neamhphá €'000	2015 Iomlán €'000	2014 Iomlán €'000
Acadúil	80,591	-	80,591	79,381
Teicniúil	9,666	-	9,666	9,521
Tacaíocht riaracháin	10,480	-	10,480	10,322
Deontais Dáimhe agus Scoile	-	16,346	16,346	18,056
Ilghnéitheach	-	223	223	530
	100,737	16,569	117,306	117,810
6. Seirbhísí Acadúla agus Eile	Costais Foirne €'000	Neamhphá €'000	2015 Iomlán €'000	2014 Iomlán €'000
Leabharlann	7,422	3,205	10,627	10,176
Seirbhísí chórais faisnéise	5,745	1,288	7,033	6,947
Leigheas Comparáideach	505	-	505	1,085
Aonad micreascópachta agus anailíse	145	72	217	316
Taighde agus Nuálaíocht Choláiste na Tríonóide (TR&I)	542	1,693	2,235	1,628
	14,359	6,258	20,617	20,152
7. Áitreabh	Costais Foirne €'000	Neamhphá €'000	2015 Iomlán €'000	2014 Iomlán €'000
Cothabháil áitribh	2,853	4,203	7,056	7,085
Seirbhísí ginearálta	9,063	2,739	11,802	11,573
Cíos agus rátaí	-	56	56	78
Árachas	-	1,034	1,034	1,153
Fuinneamh	14	6,620	6,634	8,086
	11,930	14,652	26,582	27,975
8. Méid Leithroinnte chun Críocha Caipitil	Costais Foirne €'000	Neamhphá €'000	2015 Iomlán €'000	2014 Iomlán €'000
Tionscadail chaipitil	-	500	500	501

Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (ar lean)

9. Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	Costais Foirne €'000	Neamhphá €'000	2015 Iomlán €'000	2014 Iomlán €'000
Riarachán	10,647	-	10,647	10,225
Costais	-	1,518	1,518	1,638
Muirir ghairmiúla	-	539	539	888
	10,647	2,057	12,704	12,751
10. Caiteachas Oideachais Ginearálta	Costais Foirne €'000	Neamhphá €'000	2015 Iomlán €'000	2014 Iomlán €'000
Costais scrúduithe	-	912	912	1,075
Scoláireachtaí, dúiseanna agus comhaltachtaí	-	7,325	7,325	6,768
Costais ilghnéitheacha	-	1,568	1,568	1,570
	-	9,805	9,805	9,413
11. Seirbhísí do Mhic Léinn	Costais Foirne €'000	Neamhphá €'000	2015 Iomlán €'000	2014 Iomlán €'000
Deontais chaipitíochta	-	1,014	1,014	1,113
Seirbhísí do mhic léinn	403	775	1,178	1,066
Seirbhís ghairmthreorach	610	4	614	580
Spórt agus caitheamh aimsire	248	-	248	258
Sláinte agus comhairleoireacht	1,812	45	1,857	2,004
	3,073	1,838	4,911	5,021
12. Caiteachas Ilghnéitheach	Costais Foirne €'000	Neamhphá €'000	2015 Iomlán €'000	2014 Iomlán €'000
Forlíonadh pinsin	6,481	-	6,481	6,597
Costais ilghnéitheacha	935	3,162	4,097	2,240
	7,416	3,162	10,578	8,837
13. Caiteachas Iomlán	Costais Foirne €'000	Neamhphá €'000	2015 Iomlán €'000	2014 Iomlán €'000
Seirbhísí acadúla agus gaolmhara	148,162	54,841	203,003	202,460
Deontais agus tionscadail thaighde	49,916	22,826	72,742	71,729
	198,078	77,667	275,745	274,189

Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (ar lean)

14. Easnamh ar Sheirbhísí Coimhdeacha	Ioncam	Caiteachas/ Leithroinnt	Barrachas/ (Easnamh) 2015 €'000	Barrachas/ (Easnamh) 2014 €'000
	€'000	€'000		
Lónadóireacht	4,021	(4,021)	-	-
Árais Chónaithe/Comhdhálacha	15,850	(15,850)	-	-
Siopa na leabharlainne	3,440	(3,440)	-	-
Seirbhísí Cuairteoirí	6,137	(6,137)	-	-
Lárionad Fiontraíochta	1,332	(1,332)	-	-
Seirbhís cóipeála	1	-	1	-
Naíolann lae	357	(576)	(219)	(80)
Diagnóisic	464	(479)	(15)	46
Fáltais cuideachta agus cuntas dleachteanna na hOllscoile	129	-	129	6
Eile (cíosanna & brandáil)	6,451	(6,451)	-	-
	<u>38,182</u>	<u>(38,286)</u>	<u>(104)</u>	<u>(28)</u>

Chuir Seirbhísí Coimhdeacha €12.0m le hioncam na hOllscoile in 2014/15 (2013/14: €9.1m) faoin gcaiteachas thuasluaite as ar aistríodh €9.7m (2013/14: €6.9m) chuig ioncam eile (féach nóta 3). Ina theannta sin, aistríodh €2.3m (2013/14 : €2.2m) chuig ciste a thacaigh le poist acadúla (poist Ussher) lena n-áirítear Creidiúnaithe agus Fabhrúithe eile agus a aistríodh ina dhiaidh sin chuig ioncam Ilghnéitheach (poist Mhaoinithe).

15. Dímhéas Sócmhainní Seasta	2015 €'000	2014 €'000
Talamh agus Foirgnimh	16,217	17,665
Coigeartú ar dhímheas stairiúil*	-	(4,435)
Trealamh	10,360	10,851
	<u>26,577</u>	<u>24,081</u>

*Áirítear ar an muirear dímhéasa don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2014 coigeartú i ndiaidh athchóiriú sa bheartas dímhéasa ar fhoirgnimh stairiúla ó shaol úsáideach 50 bliain go dtí 80 bliain sna cuntais Chomhdhlúite le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2011. Sna Ráitis Mhaoiniúcháin suas go dtí Meán Fómhair 2013, baineadh úsáid as saol úsáideach 50 bliain chun dímhéas na bhfoirgneamh sin a ríomh. Thug an t-athchóiriú sin beartas dímhéasa na Ráiteas Mhaoiniúcháin ar aon dul leis na cuntais Chomhdhlúite agus ina theannta sin rinneadh an beartas athchóirithe a shiardhátú go dtí 2011/12 agus 2012/13 lenar bhain coigeartú €4.4m ar dhímheas stairiúil a léiríodh i Ráitis Mhaoiniúcháin na bliana roimhe seo.

16. Aistriú Chúlchiste Ginearálta (Féach Nóta 23)	2015 €'000	2014 €'000
Amúchadh ag teacht le dímhéas (Nóta 15)	26,577	24,081
Easnamh ar sheirbhísí coimhdeacha ón gcuntas loncaim agus Caiteachais chuig an gCúlchiste (Nóta 14)	104	28
	<u>26,681</u>	<u>24,109</u>

Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (ar lean)

17. Sócmhainní Seasta	Talamh agus foirgnimh €'000	Trealamh €'000	Iomlán €'000
Costas/Luacháil amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014			
Luacháil	425,299	5,452	430,751
Costas	523,894	189,684	713,578
Iomlán	949,193	195,136	1,144,329
 Breiseanna ag costas	11,551	5,824	17,375
Diúscairtí	-	(1,495)	(1,495)
Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2015			
Luacháil	425,299	5,452	430,751
Costas	535,445	194,013	729,458
Iomlán	960,744	199,465	1,160,209
Dímheas			
Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	213,629	165,031	378,660
Lúide dímheas carntha ar dhiúscairtí	-	(1,495)	(1,495)
Dímheas don bhliain	16,217	10,360	26,577
Ag 30 Meán Fómhair 2015	229,846	173,896	403,742
Glan-Luach Leabhair amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	735,564	30,105	765,669
Glan-Luach Leabhair amhail an 30 Meán Fómhair 2015	730,898	25,569	756,467

Rinneadh talamh a luacháil ar bhonn úsáid reatha ag luacháil de €126,974 ina aghaidh an acra i 1998. Rinneadh foirgnimh a luacháil ar bhonn úsáid reatha ag an gcostas caighdeánach de €2,413 in aghaidh gach méadair chearnaigh in 1998 agus léiríonn an glan-luach leabhair an luacháil sin a bheith nuashonraithe le haghaidh breiseanna, diúscairtí agus dímheas ina dhiaidh sin.

Tá roinnt mhaith saothar ealaíne ag an Ollscoil, lena n-áirítear pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní ríluachmhara. Ní dhéantar sócmhainní oidhreacht a áireamh sna Ráitis Airgeadais. Meastar nach féidir luach bríoch a lua leo, cé go bhfuil árachas ard orthu.

Agus FRS 5, '*Substaint na nDirbheart a Thuairisciú*' á chur i bhfeidhm aici, tá maoín talún agus foirgneamh lena bhfuil dliteanais ghaolmhara de €59,300,562 (2013/14: €59,279,908) san áireamh i gcreidiúnaithe atá dlite tar éis bliana. B'ionann glan-luach leabhair na maoine sin agus €54,720,000 ag 30 Meán Fómhair 2015 (2013/14: €57,160,000).

Áirítear le Talamh agus Foirgnimh sócmhainní atá á bhfoirgniú de €13,769,097 (2013/14: €3,338,673).

Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (ar lean)

18. Maoine infheistíochta	2015 €'000	2014 €'000
Ag tús na bliana	46,369	42,517
Athrangú chuig sócmhainní seasta inláimhsithe	-	(5,650)
Gnóthachain athluachála sa bhliain	9,886	9,502
Ag deireadh na bliana	56,255	46,369

Rinne GVA Dónal O Buachalla, Suirbhéirí Cairte, luacháil neamhspleách ar gach maoin infheistíochta amhail an 30 Meán Fómhair 2015 ag luach oscailte an mhargaidh de réir chaighdeán luachála Suirbhéirí Cairte na hInstitiúide Ríoga.

B'ionann na gnóthachain ar athluacháil maoine infheistíochta don bhliain agus €9.9m. Tugadh luachálacha Teach Lincoln agus 3&4 Sráid Laighean Theas/18-19 Plás Lincoln cothrom le dáta an 30 Meán Fómhair 2015 agus bhí barrachais athluachála de €1.6m agus €0.3m in 2015 faoi seach mar thoradh air. Bhí gnóthachan athluachála €2.4m mar thoradh ar luacháil ar Theach Oisín an 30 Meán Fómhair 2015. Amhail an 30 Meán Fómhair 2015 cuireadh luach €34.6m ar Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (gné tráchtála) ach a raibh gnóthachan athluachála de €5.6m in 2015 mar thoradh air.

19. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	2015 €'000	2014 €'000
Deontais thaighde conartha agus tionscadail in-aisghabhála	25,755	20,158
Iasachtaí tí na foirne	65	59
Iarmhéideanna inmheánacha	9,105	7,237
Féichiúnaithe trádála	3,066	4,010
Féichiúnaithe eile agus réamhíocaíochtaí	31,037	23,950
	69,028	55,414

20. Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhráithe	2015 €'000	2014 €'000
Deontais thaighde conartha agus tionscadail nár caitheadh iad	53,684	47,026
Creidiúnaithe trádála	3,992	3,796
Deontais stáit do chaiteachas atarlaithe faighte roimh ré	6,247	7,346
Táillí acadúla faighte roimh ré	46,827	40,683
ÍMAT/ÁSPC	5,095	5,049
Iarmhéideanna inmheánacha	47,688	47,620
Creidiúnaithe agus fabhruithe eile	77,794	53,892
	241,327	205,412

Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (ar lean)

21. Cuntas Rialaithe Pinsin	2015 Scéim Shamplach €'000	2015 Scéim Shamplach €'000
Iarmhéid Tosaigh - Deontas infhaighte ó/(iníoctha leis) an HEA	36,337	(36,978)
<i>Ioncam</i>		
Ranníocaíochtaí Fostóra	(8,217)	(2,609)
Ranníocaíochtaí Fostóra – 20%*	(544)	(3,223)
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(2,290)	(2,840)
Aistrithe Pinsin Isteach	(118)	(58)
Ioncam Forlíonta	(6,481)	-
Maoiniú ón HEA	(5,500)	-
Eile	(11)	-
Ioncam Iomlán	(23,161)	(8,730)
<i>Caiteachas</i>		
Pinsin á n-íoc (forlíonadh san áireamh)	27,996	70
Íocaíochtaí cnaphuime ar scor	2,472	75
Íocaíochtaí do bhás i seirbhís	180	15
Aistriú pinsin amach (íocaíochtaí airgid tirim)	968	-
Aisíoc ar ranníocaíochtaí	-	59
Riarachán & costais eile	806	355
Caiteachas Iomlán	32,422	574
Easnamh/(barrachas) sa bhliain	9,261	(8,156)
Iarmhéid-Deontas Deiridh infhaighte ó/(iníoctha leis) an HEA**	45,598	(45,134)

* De réir Chreat Rialála Fostaíochta na hEarnála Ard-Oideachais 2011-2014, a eisíodh 10 Márta 2011 ní mór foráil gach post nua arna mhaoiniú go seachtrach a chruthaítear i ndiaidh an 10 Márta 2011 ranníocaíochtaí pinsin fostóra a sholáthar ag ráta de 20% chun an costas iarchurtha ar an Státchiste a bhaineann le teidlíochtaí pinsin an tsealbhóra poist amach anseo a chlúdach.

** Chun críocha armónú na Ráiteas Airgeadais atá in éifeacht ó 2011/12 fritháirítear deontas infhaighte ó/iníoctha leis an HEA a bhaineann le Scéimeanna Pinsean Eiseamláireacha agus Maoinithe in aghaidh a chéile. Tá an glanmhéid chuig an HEA san áireamh i gcreidiúnaithe agus fabhrúithe eile (féach nota 20). Tá sin comhdhéanta de dheontas infhaighte ón HEA don Scéim Mhaoinithe de €45.60m (2014: €36.34m) a fhritháirítear in aghaidh an deontais de €45.13m atá iníoctha leis an HEA ar An Scéim Eiseamláireach (2014: €36.98m).

Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair

Bíonn Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm le gach ball foirne nua a chuaigh isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Is scéim shochair shainithe í. Íoctar gach ranníocaíocht pinsin fostaithe don Scéim Aonair le cuntas pinsin Stáit. Oibríonn an scéim seo ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-mhaoiniú na hOllscoile.

Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (ar lean)

22. Creidiúnaithe Dlíte tar éis níos mó ná bliain amháin	2015 €'000	2014 €'000
Oibleagáidí faoi léas airgeadais	59,300	59,280
Iasacht Bhainc	75,000	75,000
	<u>134,300</u>	<u>134,280</u>

Baineann an oibleagáid léasa airgeadais leis an socrú airgeadais do Halla na Tríonóide a bhfuil substaint léasa airgeadais aige. Tá na hoibleagáidí faoi léas airgeadais go léir san áireamh i gcreidiúnaithe atá dlite tar éis bliana amháin.

Tá saoráid iasachta €75 milliún ag an Ollscoil leis an mBanc Eorpach Infheistíochta. Iasacht ar ráta athraitheach an t-iasacht atá ceangailte le Euribor 3 mhí agus atá iníoctha gach sé mhí i ngálaí cothroma agus an chéad tráthchuid le n-óc in 2019. Ní mór don Ollscoil cloí le cúnaínt ar leith atá mar chuid den tsaoráid iasachta seo.

23. Cúlchiste Ginearálta	lomlán go dtí 30 Meán Fómhair 2014 €'000	Gluaiseacht sa Bhliain €'000	lomlán go dtí 30 Meán Fómhair 2015 €'000
Luacháil – sócmhainní seasta*	436,666	(6,951)	429,715
Athluacháil - maoine infheistíochta	(7,781)	9,886	2,105
Deontais chaipitil Stáit - HEA	262,737	692	263,429
Aistriú maoinithe atarlaithe	61,304	3,663	64,967
Deonacháin chaipitil	192,030	2,220	194,250
Eile (áirítear barrachas ar sheirbhísí coimhdeacha a aistriú – Nóta 16)	178,130	1,436	179,566
	<u>1,123,086</u>	<u>10,946</u>	<u>1,134,032</u>
Diúscairtí	(65,007)	(1,495)	(66,502)
Amúchadh			
Amúchadh amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014	(383,087)		
Amúchadh fabhráithe ar dhiúscairtí		1,495	
Amúchadh ag teacht le dímhéas		(26,577)	
Amúchadh amhail an 30 Meán Fómhair 2015			(408,169)
	<u>674,992</u>	<u>(15,631)</u>	<u>659,361</u>

*Áirítear ar chúlchistí luachála-sócmhainní seasta ús a íocadh ar an tsaoráid iasachta €75m leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (féach nóta 22 agus beartais chuntasaíochta lch 46). Ina theannta sin, áiríodh idirbhearta a bhaineann le caipitliú trealamh faoin teideal seo chomh maith.

24. Cúlchiste Ioncaim	2015 €'000	2014 €'000
Iarmhéid tosaigh	(1,517)	490
Barrachas/(easnamh) don bhliain	1,667	(2,007)
Iarmhéid Deiridh	<u>150</u>	<u>(1,517)</u>

Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (ar lean)

25. Réiteach ar Bharrachas/(Easnamh) an Chuntais loncaim agus Caiteachais le Glan-Insreabhadh/(Eisreabhadh) Airgid Tirim ó Ghníomhaíochtaí Oibríochtaí			2015 €'000	2014 €'000
Barrachas/(easnamh) don bhliain			1,667	(2,007)
Ús infhaighte (glan)			(371)	(428)
Dímheas sócmhainní seasta			(26,577)	(24,081)
Amúchadh ar chúlchistí ginearálta			26,577	24,081
Gluaiseacht ar Stoic			(173)	149
(Méadú)/laghdú i bhfeichiúnaithe agus i réamhíocaíochtaí (gan taighde agus iarmhéideanna inmheánacha san áireamh)			(6,149)	2,277
Méadú ar tháillí acadúla réamhíochta			6,144	2,628
(Laghdú)/méadú ar dheontais Stáit faighte roimh ré			(1,099)	199
Gluaiseachtaí maidir le hlarmhéideanna inmheánacha			(1,800)	585
Gluaiseachtaí maidir le h-iarmhéideanna taighde			1,061	(9,811)
Méadú /(laghdú) ar chreidiúnaithe agus ar fhabhruithe eile			24,144	(6,059)
Gluaiseacht i seirbhísí coimhdeacha			(104)	(28)
Glan insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta			23,320	(12,495)
Anailís ar Ghlan-Chistí	Amhail an 1 Deireadh Fómhair 2014 €'000	Sreabhadh Airgid €'000	Gluaiseacht Neamhairgid €'000	ag 30 Meán Fómhair 2015 €'000
Airgead Tirim	10,383	3,049	-	13,432
Rótharraingt bainc	(518)	14	-	(504)
	9,865	3,063	-	12,928
Acmhainní leachtacha	135,563	4,437	-	140,000
Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais	(59,280)	-	(20)	(59,300)
Iasacht bhainc	(75,000)	-	-	(75,000)
	11,148	7,500	(20)	18,628

26. Nochtuithe Pháirtithe Gaolmhara

Maidir le mionsonraí faoi nochtach ag páirtithe gaolmhara féach nóta 30 leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite (Leathanach 35-36).

27. Sochair Scoir

Níor glacadh le ceanglais nochtaithe an chaighdeáin chuntasaíochta FRS17 'Sochair Scoir', sna In 2009, roimh an Ordú Aistrithe a leagtar amach thíos rinne an Ollscoil maoiniú ar Mháistirsceim Pinsin faoinar cuireadh teidlíochtaí pinsin fhostaithe áirithe, atá bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a chinntítear ag ranníocaíochtaí ón Ollscoil agus ó na fostaithe, chuig ciste pinsin a riartar go haonair. Dúnadh an scéim seo d'iontrálaithe nua ó Eanáir 2005.

Achtaíodh an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 an 26 Meitheamh 2009 agus áiríodh ann, i ndáil leis an Mháistirsceim Pinsin, soláthairtí áirithe, tar éis Ordú Aistrithe ón Aire Airgeadais agus ón Aire Oideachais, le haghaidh sócmhainní na Máistirsceime Pinsin a aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsin agus le haghaidh íocaíocht leanúnach sochar a bhí le hóc cheana ón Máistirsceim Pinsin.

Cuireadh an t-ordú aistrithe don Mháistirsceim Pinsin i gcrích an 31 Nollaig 2009 agus mar a foráladh sa reachtaíocht:

- cuireadh deireadh leis an iontaobhas a bhí ann agus tháinig deireadh le héifeacht an ghníomhais iontaobhais;
- aistríodh na sócmhainní pinsin go léir go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsin;
- Leanann an Ollscoil agus gach ball ag íoc an ráta céanna a íocadh roimhe seo, agus íoctar na ranníocaíochtaí seo chun sochair an Státhiste nó iad a dhiúscairt chun sochair an Státhiste;
- tá an oibleagáid maidir le sochair a íoc de réir na scéime pinsin fós mar oibleagáid ar an Ollscoil maidir leis an scéim seo;
- má bhíonn na ranníocaíochtaí comhiomlána a d'íoc baill agus fostaithe nó atá á gcoinneáil thuas neamhleordhóthanach chun oibleagáidí na hOllscoile a chomhlíonadh maidir leis na sochair sin a íoc de réir na Scéime, cúiteoidh an tAire Airgeadais an t-easnamh trí íocaíochtaí a dhéanamh leis an Ollscoil ó chiste arna gcur ar fáil ag an Oireachtas chun na críche sin. Mar sin, tugann an Stát ráthaíocht go ndéanfar oibleagáidí pinsin na Máistirsceime Pinsin a íoc agus go n-íocfar iad ar bhonn íoc mar a thuilltear.

I ndiaidh ceadú ón Roinn Airgeadais agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta baineann an Scéim Eiseamláireach Pinsin le gach ball foirne nua a cheaptar ón 1 Eanáir 2005 go dtí 31 Nollaig 2012 agus feidhmítear í ar bhonn íoc mar a thuilltear. Éilítear ar an Ollscoil, thar ceann an Stáit, cuntas a choinneáil ar ranníocaíochtaí pinsin an fhostaí agus an fhostóra.

As ioncam athfhillteach na hOllscoile ar bhonn íoctar mar a úsáidtear a mhaoinithe arduithe pinsin iar-scoir (fóirdheontas) gach ball foirne.

Bíonn Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair i bhfeidhm le gach ball foirne nua a chuaigh isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaithe nua an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Is scéim shochair shainithe í. Íoctar gach ranníocaíocht pinsin fhostaithe don Scéim Aonair le cuntas pinsin stáit. Oibríonn an scéim seo ar bhonn íoc mar a thuilltear ó chroí-mhaoiniú na hOllscoile.

Ráitis Airgeadais sin a chuirtear i láthair de réir na formáide 'Armónú Cuntas' arna nglacadh ag gach Ollscoil Éireannach. Éilítear faoin bhformáid Comhchuíbhiú ar Chuntais a haontaíodh leis an HEA go gcuirfí teorainn 15% de thuarastal inphinsin ar ranníocaíochtaí pinsin, chun críocha na Ráitis Mhaoiniúcháin seo, seachas gach post nua arna mhaoiniú go seachtrach a cruthaíodh i ndiaidh 10 Márta 2011 atá ag ráta de 20% mar a éilítear faoin gCreat Rialála Fostaíochta san Earnáil Ard-Oideachais 2011-2014.

Nótaí leis na Ráitis Mhaoiniúcháin (ar lean)

28. Tiomantais

Maidir le mionsonraí faoi chaipitil agus tiomantais féach nóta 24 leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite (Leathanach 34).

29. Dliteanas Teagmhasach

Maidir le mionsonraí faoi dhliteanas theagmhasacha féach nóta 23 leis na ráitis airgeadais chomhdhlúite (Leathanach 33).

30. Imeachtaí Iar-Chlár Comhardaithe

An 1 Dheireadh Fómhair 2015 tharraing an Ollscoil anuas saoráid iasachta €70 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, infíochta thar 30 bliain, gan ús i gceist ach amháin leis an gcéad 5 bliana, ag ráta seasta de 1.904% in aghaidh na bliana. Tá an chéad tráthchuid aisíocaíochta dlite in 2021.

Níor tharla aon imeachtaí móra eile tar éis dháta an chlár comhardaithe ó tháinig deireadh leis an mbliain an 30 Meán Fómhair 2015 a éilíonn coigeartú ar na Ráitis Mhaoiniúcháin nó a éilíonn nóta a chur leo.

31. Ceadú na Ráiteas Maoiniúcháin

Cheadaigh Bord Choláiste na Tríonóide na Ráitis Mhaoiniúcháin an 23 Márta 2016.

	Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite:	Gníomhaíochtaí coimhdeacha neamhchorpraithe (1)	Coigeartú GAAP		Ráiteas Maoiniúcháin an HEA
	€'000	€'000	€'000		€'000
Ioncam					
Deontais Stáit	44,512	-	(150)	(2)	44,362
Táillí acadúla	128,872	-	(2,420)	(3)	126,452
Deontais taighde agus conarthaí	85,199	-	(12,457)	(4)	72,742
Amúchadh deontas caipitil iarchurtha	10,571	-	(10,571)	(5)	-
Ioncam oibríochta eile	52,456	(38,182)	19,211	(6)	33,485
Ioncam úis	487	-	(116)	(7)	371
Ioncam Dearlaice	6,556	-	(6,556)	(8)	-
Gnóthachan ar athluacháil maoine Infheistíochta	3,097	-	(3,097)	(9)	-
Ioncam iomlán	331,750	(38,182)	(16,156)		277,412
Caiteachas					
Costais foirne	230,713	(6,195)	(26,440)	(10)	198,078
Costais oibríochta eile	94,468	(32,091)	15,290	(11)	77,667
Ús iníoctha	4,059	-	(4,059)	(12)	-
Dímheas	26,610	-	(26,610)	(13)	-
Caiteachas iomlán	355,850	(38,286)	(41,819)		275,745
(Easnamh)/barrachas don bhliain roimh chánachas	(24,100)	104	25,663		1,667

1. Gníomhaíochtaí coimhdeacha

Níl gníomhaíochtaí coimhdeacha mar a dtugtar mionsonraí orthu i Nóta 14 de na Ráitis Mhaoiniúcháin incháilithe do mhaoiniú stáit agus faoin gComhaontú Armónaithe, aistrítear barrachais agus caillteanais ar ghníomhaíochtaí den sórt sin go díreach chuig cúlchistí. Faoi Phrionsabail Chuntasaíochta a nGlactar leo go Ginearálta (GAAP), cuirtear gníomhaíochtaí coimhdeacha san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais seachas sa Chúlchiste.

2. Deontas iarchurtha

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin, tá ioncam deontais forlíontach san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina bhfaightear é. Faoi GAAP, déantar ioncam deontais forlíontach a fhaightear tar éis dheireadh na bliana a thaifeadadh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain lena mbaineann an deontas.

3. Ioncam ó tháillí na mac léinn a athrangú

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin, cuirtear dímheas san áireamh go díreach sa Chúlchiste Ginearálta ar an gClár Comhardaithe. Faoi GAAP, tuairiscítear ioncam ó tháillí iarratais faoi Tháillí Acadúla. Sna Ráitis Airgeadais áirítear ioncam ó dheontais in ioncam ó tháillí na mac léinn. Faoi GAAP, tuairiscítear ioncam ó dheontais faoi Ioncam Eile.

4. Deontais thaighde

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin, áirítear deontais thaighde sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais go dtí méid an chaiteachais (lena n-áirítear caiteachas caipitil) a tabhaíodh i rith na bliana. Faoi GAAP, déantar caiteachas caipitil ar thionscadail taighde a chaipitliú sa Chlár Comhardaithe ina bhfuil ioncam gaolmhar curtha san áireamh le deontais chaipitil iarchurtha agus a ndearnadh a amúchadh thar saol úsáideach an tionscadail.

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin ní aithnítear ioncam forchostais taighde áirithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Faoi GAAP aithnítear an t-ioncam agus an caiteachas ar aon.

5. Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin, déantar amúchadh a mheaitseáil leis an muirear dímhéasa, beag beann ar cibé an maoinítear an tsócmhainn go hiomlán trí dheontas, nó nach maoinítear. Bíonn mar thoradh air sin éifeacht neodrach ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Faoi GAAP, ríomhtar amúchadh leis an deontas caipitil a dhíscríobh thar shaolré na sócmhainne. Sa chás nach maoinítear an tsócmhainn go hiomlán trí dheontas, beidh an muirear dímhéasa níos airde ná an creidmheas amúchta.

6. Ioncam oibríochta eile

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin ní aithnítear ioncam forchostais taighde áirithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Áirítear orthu sin ioncam ó chúrsaí agus gníomhaíochtaí féin-mhaoinithe, ó réimsí seirbhísí neamh-acadúla agus ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha eile. Faoi GAAP, tá an t-ioncam sin san áireamh sa chuntas ioncaim agus Caiteachais.

7. Ioncam úis

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin áirítear ioncam úis in "ioncam eile" agus léirítear é glan ar mhuirir agus tá ús barúlach san áireamh ann. Faoi GAAP léirítear ioncam úis ar leithligh ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, agus níl aon ghlanluacháil muirear agus fágtar ioncam úis barúlach as an áireamh ó na cuntais.

8. Ioncam Dearlaice

Níl torthaí Chiste Dearlaice Choláiste na Tríonóide san áireamh sna Ráitis Mhaoiniúcháin cé go ndearna an Bord mar lontaobhaithe iad a iniúchadh agus a fhaomhadh astu féin. Faoi GAAP, tá an t-ioncam sin san áireamh sa chuntas ioncaim agus Caiteachais.

9. Athluacháil maoine Infheistíochta

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin, cuirtear dímhéas san áireamh go díreach sa Chúlchiste Ginearálta ar an gClár Comhardaithe. Faoi bheartais chuntasaíochta GAAP, i roinnt imthosca aithnítear caillteanais agus gnóthachain sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

10. Costais foirne

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin ní aithnítear ach costais phá chroímhaoinithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Aithnítear an chuid eile de na costais foirne sa chúlchiste ginearálta. Faoi GAAP aithnítear gach costas foirne, lena n-áirítear gníomhaíochtaí féin-mhaoinithe, réimsí seirbhísí neamh-acadúla agus gníomhaíochtaí eile sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

11. Costais oibríochta eile

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin, gearrtar tionscadail chaipitil a maoinítear ó ioncam atarlaithe chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Faoi GAAP fágtar an caiteachas seo amach as an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais agus áirítear é laistigh de bhreiseanna ar shócmhainní seasta.

Mar a mhínítear i Nóta 6 thuas, sna Ráitis Mhaoiniúcháin ní aithnítear gníomhaíochtaí áirithe sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Áirítear orthu sin ioncam agus caiteachas ó chúrsaí agus gníomhaíochtaí féin-mhaoinithe, ó réimsí seirbhísí neamh-acadúla agus ó ghníomhaíochtaí coimhdeacha eile. Faoi GAAP caithfear an t-ioncam agus an caiteachas ar aon aithint.

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin, aithnítear an caiteachas taighde go léir, lena n-áirítear trealamh caipitil, mar ioncam agus caiteachas taighde. Faoi GAAP, ní féidir caiteachas caipitil a láimhseáil mar sin.

12. Ús iníoctha

Cuirtear an ghné úis d'íocaíochtaí léasa ar Halla na Tríonóide san áireamh go díreach sa Chúlchiste Ginearálta ar an gClár Comhardaithe sna Ráitis Mhaoiniúcháin. Faoi GAAP aithnítear ús iníoctha sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

13. Dímhéas

Sna Ráitis Mhaoiniúcháin, cuirtear dímhéas san áireamh go díreach sa Chúlchiste Ginearálta ar an gClár Comhardaithe. Faoi GAAP aithnítear dímhéas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteach.



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil arna tíolacadh do Thithe an Oireachtais

Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Átha Cliath

Tá iniúchadh agus comhdhlúthú déanta agam ar ráitis airgeadais Choláiste na Tríonóide, Ollscoil Bhaile Átha Cliath don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2015 (na ráitis airgeadais) faoi Acht na nOllscoileanna, 1997. Tá na ráitis airgeadais a bhaineann leis an tuarascáil seo agus a hullmhaíodh de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, comhdhéanta den ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta, cuntas ioncaim agus caiteachais chomhdhlúite, ráiteas de chostais stairiúla barrachais agus easnaimh chomhdhlúite, ráiteas gnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlán comhdhlúite, cláir chomhardaithe chomhdhlúite na hollscoile, ráiteas faoi shreabhadh airgid comhdhlúite agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscíochta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Acht na nOllscoileanna, 1997 de réir cleachtas cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

Freagrachtaí na hOllscoile

Tá an Ollscoil freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí na hOllscoile, ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá orm ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir Acht na nOllscoileanna, 1997.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hiniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeán Eiticiúla d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta.

Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtáí sna ráitis mhaoiniúcháin, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis mhaoiniúcháin saor ó mhírítis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo.

Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na hOllscoile, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim le bheith ag brath ar fhianaise ó iniúchadh na ráiteas airgeadais ag iniúcháirí arna bhfostú ag an Ollscoil. Lorgaim fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, déanaim comhsheasmhacht an eolais arna chur i láthair leis na ráitis airgeadais a mheasúnú. breithneoidh me na himpleachtaí má thugaim faoi deara aon mhírítis nó neamhréireachtaí dealraitheacha do mo thuarascáil.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais a ullmhaíodh i gceart de réir chleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn, léargas fíor agus cothrom, de réir chleachtais cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn, ar staid chúrsaí na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2015 agus ar ioncam agus caiteachas ghrúpa na hOllscoile do dheireadh na bliana.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Ollscoil. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Socruithe Pinsin don Todhchaí

Gan mo thuairim a cháiliú maidir leis na ráitis airgeadais ba mhaith liom aird a tharraingt ar Nóta 31 agus ar aithint sócmhainne €1,385 milliún amhail an 30 Meán Fómhair 2015 maidir le maoiniú pinsin iarchurtha.

Tá na socruithe pinsin sochair shainmhínithe a fheidhmíonn an Ollscoil comhdhéanta den Mháistirscéim Pinsin, an Scéim Pinsin Shamplach agus Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair.

Rinne an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 foráil do shócmhainní na Máistirscéime Pinsin a aistriú chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean, a dhún d'iontrálaithe nua in 2005. Cuireadh an t-aistriú sócmhainní seo i bhfeidhm an 31 Nollaig 2009. Déanann íocaíochtaí chuig an Ollscoil ó chistí a chuireann an Oireachtas ar fáil aon easnamh bliantúil idir ranníocaíochtaí aoisliúntais coinnithe siar nó coinnithe agus sochair atá iníoctha a réiteach.

Léiríonn aithint na sócmhainne maidir leis na scéimeanna pinsin eile go gcuirfidh an Stát maoiniú ar fáil chun freastal ar dhliteanais pinsin de réir mar a bhíonn siad dlite. Tá bonn tuisceana sa chur chuige cuntasáíochta seo go gcuirfear aon ioncam a ghineann an Ollscoil i bhfeidhm ar dtús i dtreo costas reatha agus go bhfreastalóidh aon mhaoiniú ón Stát ar aon easnamh sócmhainní chun dliteanais pinsin a mhaoiniú amach anseo.

Ábhair lena dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- má thug m'iniúchadh ar aird aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- mura léiríonn an ráiteas ar rialachas agus rialú inmheánach comhlíonadh na hOllscoile leis na socruithe rialachais arna leagan amach sa Chód Cleachtais d'Ollscoileanna na hÉireann, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Neamhchomhlíonadh Soláthair

Dheimhnigh an Ollscoil don iniúchadh go ndearnadh íocaíocht €966,000 le 16 soláthróir as bhliain arna hathbhreithniú i ndáil le hearraí agus seirbhísí nach raibh faoi réir soláthair phoiblí iomaíoch.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

24 Márta 2016